

Ceardlanna na Dara Bliana

Leabhrán eolais agus ábhar teagaisc

2021-22



**Ollscoil
Mhá Nuad**
Ollscoil na hÉireann
Má Nuad

Lárionad na Gaeilge:
Taighde, Teagasc agus Tástáil,
Scoil an Léinn Cheiltigh

Clár

Cuid 1: Ceardlanna na Dara Bliana – Eolas Praiticiúil	3
Cuid 2: Clár Oibre	5
Cuid 3: Measúnú & Dáileadh na Marcanna	8
Cuid 4:	
Ceardlann 1: Cur in Aithne agus Aiste le Scríobh sa Rang	9
Ceardlann 2: Canúintí na Gaeilge	9
Ceardlann 3: Amhránaíocht ar an Sean-Nós	14
Ceardlann 4: Ábhair Ollscoile	18
Ceardlann 5: Béaloideas agus Piseoga	20
Ceardlann 6: Cur i Láthair a Ullmhú	22
Ceardlann 7: Cur i Láthair a Ullmhú (ar lean.)	24
Ceardlann 8: Eagla, Imní agus Cairdeas	25
Ceardlann 9: Caint Mhá Nuad	27
Ceardlann 10: Caidrimh idir Dhaoine	28
Ceardlann 11: Teach an Earraigh	32
Ceardlann 12: An Scríbhneoireacht Chruthaitheach	34
Ceardlann 13: Moltaí don Ghaeilge ag an dara agus tríú leibhéal	38
Ceardlann 14: Difríochtaí Cultúrtha ar Scála Idirnáisiúnta	40
Ceardlann 15: An Ghaeilge agus Cúrsaí Fostaíochta	42
Ceardlann 16: Cúrsaí Grinn agus Scríbhneoireacht Scripte	45
Ceardlann 17: Cultúr an Óil	47
Ceardlann 18: Cúrsaí Tuaithe, Cathrach agus an Ghaeltacht	49
Ceardlann 19: An Ghailge Thar Lear	51
Ceardlann 20: Dul Siar don Scrúdú Cainte	53
Cuid 5: Treoracha na dTascanna	54
Cuid 6: Scéimeanna Marcála	60
Cuid 7: An Anailís	66
Cuid 8: Treoracha maidir le comhad fuaimne a thairfeadh agus a sheoladh chuig an teagascóir	71
AGUISÍN 1: Siollabas Gramadaí na Dara Bliana	72
An Córas Ceartúcháin: Dath difriúil air agus é ar chúl an lámhleabhair.	

Cuid 1: Ceardlanna na Dara Bliana – Eolas Praiticiúil

Céard atá i gceist leis na ceardlanna?

- Is rang idirghníomhach dhá uair an chloig í an cheardlann ina ndírítear ar na ceithre scil teanga – labhairt, éisteacht, léamh agus scríobh.
- 5 léacht sa tseachtain a bhíonn ag lucht na dara bliana, chomh maith le rang oidis, rang teagaisc agus ceardlann dhá uair an chloig. (Bíonn léacht fhoirmeálta teanga amháin sa tseachtain mar aon le léachtaí litríochta).

Comhairleoirí na Dara Bliana

- Is í Sailí Ní Dhroighneáin (Oifig 42, Ionad na dTeangacha. Ríomhphost: saili.nidhroighneain@mu.ie), comhordaitheoir ceardlanna na dara bliana. Is féidir le teagascóirí agus mic léinn na dara bliana dul i dteagmháil léi siúd má bhíonn aon cheist acu [faoi na ceardlanna](#).
- Is é Eoghan Ó Raghallaigh comhairleoir na dara bliana maidir le cúrsaí teanga ó Roinn na Nua-Ghaeilge. Ba cheart do mhic léinn labhairt leisean má bhíonn [aon deacrachtaí ginearálta acu le cúrsaí teanga](#) i rith na bliana.

Amchlár agus Sceideal na Bliana

- Tá dátaí na gceardlann do sheimeastar 1 ar fáil i gCuid 2 den leabhrán seo.
- Ní bheidh cead ag mic léinn am na ceardlainne atá tugtha dóibh a athrú gan cead pearsanta a fháil ó Sailí Ní Dhroighneáin.

Tinreamh agus Rannpháirtíocht

- Ní mór do mhic léinn freastal ar gach ceardlann. Má chaitheann mac léinn rang a chailleadh, ní mór dó scéala a chur chuig an teagascóir roimh ré, nó a luaithe agus is féidir i ndiaidh na ceardlainne.
- Beidh teastas dochtúra nó fianaise eile chúig ag teastáil laistigh de choicís tar éis dó filleadh ar an ollscoil. Ní mór dó cóip amháin a thabhairt don teagascóir agus cóip eile a thabhairt do Riarthóir Roinn na Nua-Ghaeilge (Seomra 20). Caillfear marcanna mura ndéantar é seo.
- Ní hionann an cheardlann agus léacht. Caithfidh tú páirt ghníomhach a ghlacadh i ngach ceardlann. Tabharfar tascanna beaga iaroibre do mhic léinn go minic ag deireadh ceardlann amháin mar ullmhúchán don chéad cheardlann eile agus coinneoidh na teagascóirí cuntas de na mic léinn a bhfuil an obair seo déanta acu agus atá réidh le cur leis an bplé sa chéad rang eile. Áireofar an rannpháirtíocht seo mar chuid den mheasúnú leanúnach.

An Siollabas agus an tÁbhar Teagaisc

- Tá an t-ábhar teagaisc do cheardlanna na bliana seo le fáil i gCuid 4 den leabhrán seo. Ní mór do mhic léinn an leabhrán a thabhairt leo chuig gach rang.
- Tá an t-ábhar teagaisc seo bunaithe ar an Siollabas Nua don Dara Bliain Ollscoile. Tá an t-eolas ar fad a bhaineann leis an siollabas seo ar fáil ag www.teagascnagaeilge.ie.

Tascanna

- Beidh trí thasc oifigiúla le déanamh ag mic léinn na dara bliana sa chéad seimeastar agus trí thasc i seimeastar a dó. Tá treoracha cuimsitheacha faoi ábhar na dtascanna ar fáil i gCuid 5 den leabhrán seo.
- Tá na tascanna riachtanach. **Caillfear marcanna as tasc ar bith a fhágáil ar lár.**
- Déanfaidh an teagascóir féin socrú leis an rang maidir leis an gcaoi a mbaileofar an obair (cóipeanna crua nó tríd an ríomhphost).
- Caithfidh gach píosa oibre (seachas na píosaí cainte) a bheith clóscríofa ar cháipéis Word le spásáil dhúbailte agus uimhreacha ar na leathanaigh. Ba cheart go mbeadh ainm an mhic léinn agus teideal an tasc le feiceáil go soiléir ar an gcéad leathanach.
- Beidh gléas taifeadta (fón póca cliste, ríomhaire nó taifeadán mp3) ag teastáil le cuid de na tascanna a dhéanamh. Faoin mac léinn atá sé a chinntiú go bhfuil bealach aige leis an taifeadadh seo a dhéanamh agus a chur chuig an teagascóir sula mbeidh an chéad tasc labhartha le déanamh.

Spriocdhátaí agus Obair Dheireanach

- Tá spriocdhátaí na dtascanna ar fáil i gCuid 5 den leabhrán seo.
- Ní ghlacfar le hobair dheireanach ach amháin má bhíonn sé sin aontaithe go soiléir roimh ré leis an teagascóir, nó i gcás faoi leith gan choinne.
- Déanfaidh an teagascóir cinneadh maidir le hobair dheireanach a ghlacadh. Déanfar an cinneadh seo tar éis na cúinsí ar fad a bhaineann leis an obair a bheith deireanach a mheas, agus/nó tar éis dul i gcomhairle le comhairleoir na dara bliana.
- I gcás tinnis nó mura bhfuil sé ar chumas an mhic léinn aon chuid den mheasúnú leanúnach a chomhlíonadh, ní mór é sin a chur in iúl don teagascóir a luaithe agus is féidir, agus teastas dochtúra nó fianaise eile chuí a thabhairt don teagascóir agus do Riarthóir Roinn na Nua-Ghaeilge laistigh de choicís tar éis don mhac léinn filleadh ar an Ollscoil.

An Córas Ceartúcháin agus an Anailís

- Úsáidfear córas faoi leith chun na tascanna a cheartú. Tá an córas seo le fáil i gCuid 6 den leabhrán seo.
- Nuair a gheobhaidh tú do chuid tascanna ar ais ón teagascóir, beidh ort anailís a dhéanamh ar an tasc le hiarracht a dhéanamh dul i ngleic le roinnt deacrachtaí a tháinig chun solais sa tasc. Caithfidh tú anailís a dhéanamh ar gach tasc – ní bhíonn an tasc déanta go dtí go mbíonn an anailís déanta. Tá treoracha cuimsitheacha maidir leis an anailís, mar aon le hanailís eiseamláireach agus scéim mharcála ar fáil i gCuid 8 den leabhrán seo.

An Filleán Foghlama

- Ní mór do gach mac léinn fillteán foghlama a choinneáil mar thaifead ar obair na bliana agus ar an dul chun cinn atá déanta.
- Ní mór gach tasc agus gach anailís (le ceartúcháin an teagascóra le feiceáil orthu) a chur san fhillteán.
- Is féidir obair bhreise, liostaí stór focal nó acmhainní eile a choinneáil san fhillteán chomh maith mar thaifead ar an iarracht atá déanta agat féin i rith na bliana feabhas a chur ar do chuid Gaeilge. Cabhróidh sé leat agus tú ag dul isteach sa tríd bliain freisin.

Cuid 2: Clár Oibre Sheimeastar 1 (Deireadh Fómhair-Nollaig 2021)

Rang	Dáta	Topaic	Ceacht	Pointí teanga	Tasc / Treoir
1	4-8 DF	Cur in Aithne agus Aiste	Aiste 1 sa rang		Aiste 1 le bailiú. Tasc gramadaí le déanamh ar Moodle
2	11-15 DF	Canúintí na Gaeilge	Na canúintí	- Dul siar ar na haimsirí (1) agus cleachtadh foghraíochta.	Tasc 1 le tabhairt ar ais. Anailís 1 le déanamh.
3	18-22 DF	Cultúr na Gaeltachta	Amhránaíocht ar an sean-nós	- Na forainmneacha réamhfhoclacha agus cleachtadh foghraíochta.	Anailís 1 le cur isteach. Tasc le déanamh ar Moodle roimh an chéad cheardlann eile.
Seachtain léitheoireachta: 25/10/2021- 29/10/2021					
4	1-5 Samhain	Ábhair Ollscoile	Ábhair Ollscoile	- Stór focal a bhaineann le hábhair ollscoile - Aistriúchán ó bhéal - Feasacht ar na canúintí éagsúla - Giorriúcháin na Gaeilge - Cleachtadh foghraíochta	Anailís 1 le tabhairt ar ais. Tasc 2 le seoladh isteach
5	8-12 Samhain	Cultúr na Gaeltachta	Béaloideas agus Piseoga	-Briathra agus réamhfhocail -An stór focal a bhaineann le cúrsaí béaloidis agus Piseoga	Anailís 2 tugtha ar ais agus ath-thaifead le seoladh ar ais roimh an tseachtain seo chugainn
6	15-19 Samhain	Cur i láthair a ullmhú	-Poist - pháirtaimseartha -Tréithe an chur i láthair	- Deachtú ar abairtí. - Dul siar ar na haimsirí(2)	Cuid 1 de thasc a trí le déanamh(aiste 250 focal)
7	22-26 Samhain	Cur i láthair a ullmhú (ar lean)	-Cur i láthair a ullmhú	- Ag ceartú na mbotún coitianta a bhíonn ag mic léinn sa dara bliain	Cuid 1 de thasc 3 le bailiú
8	29 Samhain-3 Nollaig	Scannáin agus teilifís	-Comhrá faoin gcur i lathair -Plé ar eagla, imní & cairdeas -Léirmheas ar scannán-	-Foclóir a bhaineann le himní agus brú Foclóir a bhaineann le léirmheas scannánaíochta. -Aistriúcháin	Cuid 1 de Thasc 3 le tabhairt ar ais do na mic léinn.
9	6-10 Nollaig	Cur i láthair	CAINT MHÁ NUAD	- Cur i láthair	Cur i láthair a dhéanamh
10	13-17 Nollaig	Caidrimh idir dhaoine	-Caidrimh idir dhaoine	- Ag ceartú botún - An difríocht idir <i>atá</i> agus <i>a bhfuil</i> . - Méadú ar an stór focal nádúrtha a bhaineann le cúrsaí caidrimh	Seolfar an marc deireanach den chur i láthair ar ríomhphost

Cuid 2: Clár Oibre Sheimeastar 2 (Eanáir-Bealtaine 2022)

Rang	Dáta	Topaic	Ceacht	Pointí teanga	Tasc / Treoir
1	7-11 Feabhra	Tús an earraigh	Teacht an earraigh	- Rialacha inscne an ainmfhocail agus na haidiachta	Tasc 4 le déanamh
2	14-18 Feabhra	An scríbhneoireacht chruthaitheach	An scríbhneoireacht chruthaitheach	- Tionchar an Bhéarla ar an nGaeilge	Tasc 4 le cur isteach. Ceacht le déanamh ar Moodle.
3	21-25 Feabhra	Moltaí don Ghaeilge ag an dara agus an tríú leibhéal	Moltaí don Ghaeilge ag an dara agus an tríú leibhéal	- Na treoanna - Cleachtadh ar struchtúr ceiste - An Módh Coinníollach - Séimhiú ar aidiacht san iolra - Na hathruithe tar éis 'á'.	Tasc 4 le tabhairt ar ais. Anailís 4 le déanamh.
4	28 Feabhra-4 Márta	Difríochtaí cultúrtha i measc mac léinn	Plé ar chúrsaí taistil agus na difríochtaí cultúrtha go hidirnáisiúnta	- Dul siar ar an séimhiú san iolra agus ar na hathruithe tar éis 'á'.	Anailís 4 le cur isteach. Tasc 5 le déanamh.
5	7- 11 Márta	An Ghaeilge agus Cúrsaí Fostaíochta Cúrsaí grinn agus scríbhneoireacht scrípte	Moltaí maidir leis an nGaeilge agus cúrsaí fostaíochta	- Dul siar ar struchtúr ceiste - An aidiacht san iolra agus na treoanna - Botúin Choitianta a cheartú - Dul siar ar an módh coinníollach - Foghraíocht: D caol agus leathan	Tasc 5 le bailliú. Ceacht le déanamh ar Moodle
	14-18	<i>Seachtain Staidéir</i>	<i>Seachtain Staidéir</i>	<i>Seachtain Staidéir</i>	<i>Seachtain Staidéir</i>
6	21-15 Márta	Scríbhneoireacht scrípte agus cláracha teilifíse	Cleachtadh scríbhneoireacht scrípte	- Botúin choitianta a cheartú - Dul siar ar an módh coinníollach - Cleachtadh foghraíochta	Tasc 5 le tabhairt ar ais agus anailís a 5 le déanamh.
7	28 Márta- 1 Aibreán	Nósanna na mac léinn	Cultúr an óil	- Feasacht teanga maidir le tíortha agus teangacha	Anailís 5 le bailliú. Tasc 6 le déanamh.
8	4-8 Aibreán	Mic léinn tuaithe agus cathrach agus an Ghaeltacht	-Cúrsaí tuaithe agus cathrach agus an Ghaeltacht -Podchraoltaí	- Cleachtadh arís ar struchtúr ceiste - Aistriúcháin	Tasc 6 le bailliú. Ceacht le déanamh ar Moodle

9	11 -15 Aibreán	-Eachtrannaigh ag Foghlaim Ghaeilge -ag múineadh na Gaeilge thar lear Dul siar do na scrúduithe cainte?	Sliocht as Tuairisc.ie ar an scoláire Móhácise atá ag foghlaim na Gaeilge	-Cleachtadh cainte	Tasc 6 le tabhairt ar ais agus anailís 6 le bheith istigh sa chéad cheardlann eile (an 25ú)
	18-22 Aibreán	Saoire na Cásca	Saoire na Cásca	Saoire na Cásca	Saoire na Cásca
10	25-29 Aibreán	<i>Dul siar don scrúdú cainte</i>	<i>Dul siar don scrúdú cainte</i>	<i>Dul siar don scrúdú cainte</i>	Anailís 6 le bailliú agus seolfar an marc deireanach ar ais.
11	3 -6 Bealtaine (Lá saoire bainc ar an Luan)	<i>Na Scrúduithe cainte</i>			

Cuid 3: Measúnú & Dáileadh na Marcanna

Áirítear na Ceardlanna Teanga mar chuid de dhá mhodúl de chuid na Nua-Ghaeilge: NG201, An Ghaeilge Scríofa agus Labhartha 1, sa chéad seimeastar agus NG211, An Ghaeilge Scríofa agus Labhartha 2, sa dara seimeastar. Is mar seo a leanas a dhéanfar measúnú orthu:

	NG201 – An Ghaeilge Scríofa agus Labhartha 1: 100% (Seimeastar 1)	NG211 – An Ghaeilge Scríofa agus Labhartha 2: 100% (Seimeastar 2)
Scrúdú scríofa	70% (Ceist 1 in oiriúint d’ábhar an tsiollabais)	40% (Ceist 1 in oiriúint d’ábhar an tsiollabais)
Scrúdú cainte	~	30%
Ranganna teagaisc	15%	15%
Ceardlanna	15% (féach thíos)	15% (féach thíos)

Brisfear síos marcanna na gceardlann i seimeastar 1 mar seo a leanas:

Tascanna	90%:		
	Tasc 1	Tasc 2	Tasc 3
	30%	30%	30%
Tinreamh agus rannpháirtíocht	10%		

Brisfear síos marcanna na gceardlann i seimeastar 2 mar seo a leanas:

Tascanna	90%:		
	Tasc 4	Tasc 5	Tasc 6
	30%	30%	30%
Tinreamh agus rannpháirtíocht	10%		

Cuid 4:

Ceardlann 1:

Inniu

- *Cur in aithne agus sonraí áirithe a thabhairt (ríomhphost/uaireanta oifige/uimhir oifige)*
- *Liosta ranga agus seoltaí ríomhphoist na mac léinn le bailiú agus meabhrú faoin 10 euro agus tábhacht na rannpháirtíochta agus tinrimh. **Tá an 10 euro le bailiú inniu nó an tseachtain seo chugainn agus tá sé tábhachtach cuntas a choinneáil den dream a d'íoc.***
- *Meabhrú go bhfuil leathanach Moodle ag na ceardlanna agus go mbeidh ábhar físe agus fuaimne ó na ceardlanna ansin chomh maith le roinnt gníomhaíochtaí a bhéas le déanamh ann ó am go ham.*
- ***Beidh aiste le scríobh agus le bailiú sa rang inniu. Tabharfar na sonraí ar fad faoi sin sa rang. Uair an chloig a bhéas le tabhairt don aiste.***
- *Beidh an aiste ceartaithe le tabhairt ar ais i gceardlann an seachtaine seo chugainn.*
- ***Tá tasc gramadaí le déanamh ar Moodle roimh cheardlann na seachtaine seo chugainn. Beidh muid á gceartú i gceardlann an seachtaine seo chugainn.***

Ceardlann 2: Canúintí na Gaeilge

Inniu:

- *Bailigh an 10 euro*
- *Comhrá*
- *Plé faoi chanúintí.*
- *Éisteacht le Gearóid Ó Drisceoil ag caint faoina thaithí féin ag foghlaim na Gaeilge (beidh an físeán seo ar Moodle chomh maith)*
- *Pointe gramadaí an lae: Dul siar ar aimsirí na mbriathra.*
- *Foghraíocht - fuaimneanna cearta na Gaeilge.*
- ***Tasc 1 tabhairt ar ais. Anailís 1 le déanamh. (Tá eolas faoin anailís ar lth. 66 den lámhleabhar seo)***

A: Cómhrá

Caint agus cómhrá faoi céard a bhí ar bun ag na mic léinn i rith an tsamhraidh.

B: Réamhobair

Cad í canúint?

- (i) Cad atá ar eolas agat faoi chanúintí na Gaeilge? Déan ransú intinne agus scríobh síos aon phointí eolais atá agat. Roinn do chuid pointí leis an rang.
- (ii) Céard é an difríocht idir na téarmaí seo a leanas?
 - Canúint
 - Blas
 - An Caighdeán Oifigiúil

C: Éist

Beidh tú ag éisteacht le Gearóid Ó Drisceoil ag caint faoi cheist na gcanúintí. Éist leis dhá uair agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

1. Cén chanúint atá ag Gearóid féin? Conas a d'fhoghlaim sé í?
2. An gceapann Gearóid gur cheart d'fhoghlaimoirí na Gaeilge díriú ar chanúint amháin?
3. Cé na cúiseanna a luann sé leis an tuairim sin a mhíniú?

Réamhphlé

4. Cén tuairim atá agat féin maidir le canúint a phiocadh agus fanacht leis an gcanúint sin amháin.

D: Ceartú ar an Tasc ó Moodle:- foirmeacha na mbriathra

- (a) Tóg na Briathra **Déan/Cuir/Bailigh/Cearthaigh** agus cuir iad sna haimsirí seo a leanas:

Aimsir chaite, aimsir láithreach, aimsir fhásitineach, módh coinníollach. Taispeán an leagan dearfach, diúltach agus ceisteach i do fhreagra. Téigh trí gach pearsa.

Sampla: Tóg: Aimsir chaite= Thóg mé, thóg tú, thóg sé, thóg sí, thógamar, thóg sibh, thóg siad.

/

Ceisteach: Ar thóg?

Diúltach: Níor thóg.

- (b) Cé acu de na gnéithe thuas is éasca? Cé acu is deacra? Déan iarracht labhairt faoin dá rud sin leis an duine in aice leat.

E: Foghraíocht (Bunaithe ar ábhar teagaisc Teg.ie)

An Fhoghraíocht

d leathan agus *d* caol

- Céard atá i gceist le *d* caol agus *d* leathan?
 - Abair na habairtí seo os ard leis an duine in aice leat agus féach an gcloiseann tú aon difríocht idir an *d* leathan agus an *d* caol.
1. Déanaim dearmad
 2. D'ól tú an deoch
 3. D'athraigh sé
 4. Dún an doras a dúirt mé
 5. Tá díoma orm a dúirt Diarmuid
 6. Tá sí dílis dó
 7. A dó, a náid agus a hocht, sin a deich.

s leathan agus s caol

- Abair cé acu leathan nó caol atá na 's'anna seo a leanas.

- | | | |
|----------------|----------|--------------|
| • singil | • seo é | • scoil |
| • scartha | • siopa | • Sasanach |
| • pósta | • páiste | • Spáinneach |
| • tuismitheoir | | |

r leathan agus r caol

- Léigh na focail sna liostaí thíos os ard. Céard é an difríocht idir an 'r' caol agus an 'r' leathan?

r leathan

r caol

Ceathrar	Athair
Cúigear	Máthair
Bóthar	Deartháir
Staidéar	a lán staidéir
Leabhar	Leabhair
Páipéar	Páipéir

An Fhoghraíocht - s, d agus r leathan

Léigh amach na habairtí seo a leanas os ard le do pháirtneír:

Tógaigí sealanna á léamh. Dírigí ar fhuaimniú na litreacha agus cuirigí líne faoi gach s leathan agus s caol, r leathan agus r caol agus d leathan agus d caol sna habairtí. Déanaigí iarracht dhá abairt eile le samplaí de s leathan agus s caol, d leathan agus d caol, agus r leathan agus r caol a chumadh.

1. Tá Seán pósta le Síle agus níl páistí acu.
2. Is deartháireacha iad Dónal agus Diarmuid.
3. Tá seisear páistí agam.
4. Táimid pósta le sé bliana.
5. Cé mhéad duine atá sa rang?
6. Tá deichniúr deirfiúracha ag Donncha.
7. Tá Sinéad singil agus tá Sailí agus Siobhán scartha.

Téipscript 3:

A Ghearóid, so, cén fáth ar bheartaigh tú díriú ar chanúint amháin nuair a bhí tú ag foghlaim na Gaeilge?

Tá sé an-deacair a rá. Ní dóigh liom go raibh aon am ar leith a **shocraigh** mé díriú ar chanúint ar leith. Is dócha gur cineál próisis a bhí ann. Agus nuair a thosaigh mé ag foghlaim na Gaeilge ar dtús, **d'fhoghlaim** mé an chuid is mó de mo chuid Gaeilge i gConamara nuair a cuireadh ar na coláistí Gaeilge mé ach is dócha go raibh rudaí á bhfoghlaim agam ansin, 'bhfuil fhios agat, *like*, rudaí ar nós "níl 'fhios 'am" agus rudaí den tsórt* sin, ach ní dóigh liom gur thuig mé céard ba bhrí le canúint go dtí **go ndeachaigh** mé go dtí an ollscoil agus **gur chuir** mé aithne ansin ar léachtóirí a raibh canúintí ar leith acu agus ar chairde liom a raibh canúintí difriúla acu. Ansin **thosaigh mé** ag smaoineamh ar na difríochtaí, is dócha. Ach fós, níor shocraigh mé ... **níor dhírigh** mé ar chanúint ar bith. Is cuimhin liom nuair a bhí mé b'fhéidir sa dara nó sa tríú bliain ag útamáil le canúintí difriúla agus le nathanna cainte difriúla agus gur chuir sé sin mearbhall ar dhaoine is dócha, nuair a **bhínnse** ag dul siar ansin i rith an tsamhraidh, **bhíodh** rudaí cosúil le "n'fheadar" in úsáid agam agus "caide mar atá tú?" agus chuir sé sin mearbhall ar na mná tí go minic. Ach is dócha ansin, sa tríú bliain den ollscoil nó nuair a bhí mé ag tabhairt faoin máistreacht go raibh smacht agam, bhí smacht níos fearr agam ar mo chuid gramadaí agus bhí smacht níos fearr agam ar mo chuid Gaeilge dá bharr, agus thosaigh mé ... bhí mé in ann na difríochtaí idir na canúintí agus an caighdeán a aithint agus ansin, thosaigh mé ag cuimhneamh, b'fhéidir, ar an tábhacht a bhain leis an gcanúint. Is cuimhin liom gur mhínigh duine amháin dom píosa maith ó shin an tábhacht a bhaineann leis an mblas. Agus **dá mbeifeá** ag foghlaim na Fraincise, **ní déarfá** riamh dá mbeifeá ag labhairt Fraincise "Je m'appelle Garreth" le blas Bhaile Átha Cliath. **Ní bheadh** sé sin nádúrtha. "Je m'appelle Garreth!" is bheadh an nós sin coitianta fiú ag foghlaimeoirí Fraincise in Éirinn. *So*, thosaigh mé ag smaoineamh ansin, b'fhéidir go bhfuil an ceart ag an duine sin, agus b'fhéidir gur cheart dom díriú ar chanúint ar leith agus **go gcuirfeadh** sé sin le mo chuid Gaeilge. *So*, dá bhrí sin, bhí an-taithí agam ar chanúint Chonamara agus bhí aithne agam ar roinnt mhaith daoine i gConamara agus is dócha go raibh an tionchar ba mhó ag muintir Chonamara ar mo chuid Gaeilge agus thosaigh mé ag iarraidh an chanúint sin a **thabhairt** liom agus a **chur** i bhfeidhm ar mo chuid cainte ansin.

Agus an gceapann tú gur rud maith é canúint amháin a bheith agat, mar sin. An gceapann tú go nglacann daoine níos mó leat nuair a chloiseann siad go bhfuil canúint agat?

Gan dabht ar bith. Glacann. Is é mo thaithí féin, ó bheith ag obair i gConamara i rith an tsamhraidh go nglactar go forleathan leat má tá blas...is cuma céard atá á rá agat ach fad is atá tú in ann "cén chaoi a bhfuil tú?" a rá, agus é a bheith....an blas a thabhairt leat, mar sin, glactar leat, agus...deirtear, *By dad*, tá Gaeilge mhaith agat féin. Cé as thú? Is rudaí mar sin, agus is cuma cé mhéad botún, is cuma má tá an tuiséal ginideach i gceart agat, nó rud ar bith mar sin, fad is atá tú in ann an blas agus an chanúint a thabhairt leat ansin, glactar leat. Níl mé ag rá go bhfuil sé sin ceart nó mícheart, ach sin, is dócha, ó mo thaithí féin, sin an chaoi a **bhfuil** sé. *Agus eh, so*, is ea, sílim go bhfuil sé tábhachtach aon chanúint amháin a roghnú chomh maith.

Rud a dúirt mé ansin níos túisce freisin. Sílim **go dtugann** sé smacht níos fearr duit ar do chuid gramadaí freisin má dhíríonn tú ar chanúint amháin. Tá tú in ann ansin, má bhíonn tú ag léamh leabhair agus rudaí mar sin agus abrainis go bhfeicfeá 'sa bhealach' scríofa sa leabhar, agus 'sa mbealach' a déarfá féin, **tosaíonn** tú do do cheistiú féin, agus b'fhéidir go dtosaíonn tú **ag ceistiú** an ruda atá scríofa sa leabhar, agus an rud atá ann...próiseas atá ann, agus dá bhrí sin, **foghlaimíonn** tú na gnéithe éagsúla a bhaineann leis an ngramadach agus tugann sé léargas níos fearr duit ar an ngramadach agus ar an teanga, is dócha, dá bharr.

Agus cén chomhairle a chuirfeá ar do chuid mac léinn féin... an molfá do mhic léinn dul i dtreo canúint amháin?

Mholfainn dóibh canúint Chonamara a fhoghlaim...neamhaird a dhéanamh de gach canúint eile, ach Conamara!

*Ach **an molfá** do mhic léinn, y'know, dul i dtreo canúint amháin?*

Mholfainn dóibh. Is ea. Ach is dócha gur próiseas atá ann mar sin féin, agus b'fhéidir gur an chéim dheireanach ná díriú go mion ar chanúint. *Now*, mar sin féin, is féidir a bheith ag cleachtadh canúna go fadtéarmach agus ó thús deireadh. Ach sílim gurb í an chéim dheireanach den fhoghlaim ná an chanúint a chleachtadh agus a thabhairt leat i do chuid cainte.

**den tsórt sin:* Is leagan canúnach é seo. *Den sórt sin* atá sa chaighdeán.

Ceardlann 3: Amhránaíocht ar an Sean-Nós

Inniu:

- *Téigh siar ar an bhfoghraíocht ón tseachtain seo caite agus ansin tabhair am do na mic léinn labhairt faoin anailís agus ceisteanna a chur faoi na ceartúcháin*
- *Comhrá faoin deireadh seachtaine agus bailigh an 10 euro.*
- *Féachaint ar mhír físe (Agallamh le Máire Ní Choilm ó teagascnagaeilge.ie agus í ag déanamh cur síos ar amhránaíocht ar an sean-nós).*
- *Plé a dhéanamh ar fhéile an Oireachtais, ar chúrsaí sean-nóis agus ar an gceol i gcoitinne. Féachaint ar roinnt eachtrannach ag casadh sean-nóis.*
- *Anailís 1 le cur isteach.*
- *Pointe gramadaí an lae: An forainm réamhfhoclach.*
- ***Ceacht le déanamh ar Moodle roimh an chéad cheardlann eile tar éis an tsaoire.***

A: Comhrá

Déan comhrá leis an duine in aice leat faoin deireadh seachtaine a bhí agat

B: Dul siar agus Ceartúcháin

Dul siar ar obair na seachtaine seo caite agus plé ar an anailís agus aon cheisteanna a thagann chun cinn maidir leis sin.

C: Réamhphlé

- Cén íomhá atá agat den amhránaíocht ar an sean-nós?
- An bhfuil amhránaíocht ar an sean-nós cloiste riamh agat? Cad a cheapann tú di?
- An bhfuil aon amhráin Ghaeilge ar eolas agat? Ar múineadh duit ar scoil iad? Cén dearcadh atá ann i measc an phobail ar amhránaíocht i nGaeilge, dar leat?

D: Éisteacht agus plé

Anois beimid ag féachaint ar mhír físe le Máire Ní Choilm ón suíomh *Teagasc na Gaeilge*. Féach ar an bhfíseán agus abair cé acu atá na ráitis seo fíor nó bréagach. Má tá siad bréagach, cuir an t-eolas ceart ar fáil.

- Baineann sean-nós leis an seansaol.
- Tá níos mó spéise á léiriú anois san amhránaíocht ar an sean-nós.
- Bhuaigh Máire duais Oireachtais.
- Bhí níos mó suime ag na Meiriceánaigh ná ag muintir Oileán Mhanann in amhránaíocht Mháire.
- Thug na páistí a mhúin Máire foghraíocht na n-amhrán leo.

E: Feasacht chultúrtha – Obair ghrúpa

Anois beimid ag féachaint ar chúpla píosa físe d'amhránaithe sean-nóis nach as Éirinn dóibh!(Beidh na naisc seo ar fad le fáil ar Moodle)

<https://tuairisc.ie/natalia-danzmann/>

https://www.youtube.com/watch?v=ZlTp_mcg7k

<https://www.youtube.com/watch?v=qhyDmjKQLmg> (leagan Béarla den amhrán sean-nóis Dónal óg)

- Féach ar na físeáin agus déan plé le do ghrúpa maidir le do chuid tuairimí i leith na n-amhránaithe seo agus an íomhá a chothaíonn siad.

F: Eolas Úsáideach

- Is áis an-úsáideach í <http://old.tg4.ie/programmes/archive.html> chun réimse forleathan amhráin Ghaeilge a fháil. Cuirtear físeáin agus liricí ar fáil do gach amhrán

G: Iarphlé – Obair ghrúpa

- Cén cineál amhránaíochta/ceoil a thaitníonn leat féin? Cé hiad na hamhránaithe a thaitníonn leat?
- Cad a shíleann tú de na hamhráin nua Ghaeilge atá ag Coláiste Lurgan?
<https://www.youtube.com/watch?v=HCjw8rXLfvw>

H: Gramadach

- ‘...bhí siad bródúil asam...’ Cén ghné den ghramadach atá i gceist le ‘asam’ thuas? Pléigh an pointe gramadaí agus ansin abair cad é an difear idir na habairtí sa dá cholún thíos.

- Scríobh sí litir dom.	Scríobh sí litir chugam.
- Abair an abairt sin dom.	Abair an abairt sin liom.
- Déan é sin di.	Déan é sin léi.
- Thuig mé iad.	Thuig mé dóibh.
- Bhuail mé é.	Bhuail mé leis.
- Tá mé ag súil.	Tá mé ag súil leis.
- Anois roghnaigh an forainm réamhfhoclach cuí as na roghanna thíos.
 - Tá tinneas cinn agam / orm.
 - Tá mé bródúil astu / iontu.
 - Tá clú agus cáil uirthi / aici.
 - Cuir glaoch liom / orm.
 - Scríobh orm / chugam.
 - Fan dom / liom.
- Cuir Gaeilge ar na frásaí seo thíos.

-The song/The songs/The singer/The singers/Listen to the song/The title of the song/The start of the song

I: An fhoghraíocht – ‘ch’ – caol /x’/ agus leathan /x/

1. Éist agus abair:

Tús an fhocail		Lár an fhocail		Deireadh an fhocail	
Leathan	Caol	Leathan	Caol	Leathan	Caol
Mo chárta	A chearta	Buachaill báire	Cluiche	Bealach	Obair chloiche
Chaill sé	Mo chiall	An ndeachaigh?	Chun críche	Moltach	I gcrích
Chaith sé	Uisce an cheatha	Síocháin	Droichead	Ach	Deich
Beár an choláiste	Foireann Chill Dara	Seachain	Fiche	Iontach	Laoich
An chartlann	An cheardlann	Seachas	A Mhichíl	Laoch	Sroich
I mo chónaí	Bua an cheoil	Tionchar	Oíche	Teach	
Chuaigh	Mullach an chinn	Léachtóir	Ficheall	Dearfach	
Mo chol ceathrar	An Chliarscoil	Neacht	Níos neamhspleáiche	Neamhspleách	
Mo chara	Chlis	Ocht	Níos buíche	Buíoch	

2. Comhrá le haithris:

Conall: A Chiara, an féidir liom ceist a chur ort?

Ciara: Cinnte, a Chonaill, abair leat, ach tá deifir orm.

Conall: An dtiocfá amach liom oíche éigin?

Ciara: Bhuel, a Chonaill, tá mé chomh gnóthach sin an tseachtain seo, tá pleananna agam gach tráthnóna seachas an Domhnach. Beidh mé ag dul amach le mo chara oíche Chéadaoin agus le mo bhuachaill ag an deireadh seachtaine. Ó, fan nóiméad anois! Tá mé tar éis féachaint ar mo dhialann, agus ar an drochuair, beidh mé ag ní mo chuid gruaige ar an Domhnach.

Conall: Ach, ach...cheap mé go mbeimis in ann plaic a fháil le chéile! Chuir mé áit in áirithe cheana féin!

Ciara: Nach ort a bhí an dul amú, a Chonaill!

J: Obair Bhaile: Ceacht le déanamh ar Moodle roimh an gcéad cheardlann eile.

Téipscript 2

Cad atá i gceist leis an téarma sin 'sean-nós' nó cén dearcadh atá ag daoine faoin sean-nós?

Bhuel sin ceist shuimiúil. Go minic nuair a smaoiníonn daoine ar an téarma nó ar an fhocal 'sean-nós' bíonn siad ag déanamh go mbaineann sé le seandaoine nó na seanleids agus caipíní orthu agus iad ina suí cois teallaigh agus ag canadh amhrán. Ach feictear domsa anois go mbíonn go leor daoine óga ag freastal ar an Oireachtas chuile bhliain agus tá níos mó suime ag daoine óga san amhránaíocht, sa damhsa ar an tsean-nós, agus tugann sé cuid mhór dóchais domsa nuair a fheicim na daoine óga seo ag teacht chuig an Oireachtas bliain i ndiaidh bliana, go bhfuil fás mór ag teacht air agus go bhfuil suim mhór ag daoine óga sa sean-nós sa lá atá inniu ann.

Bhíteá féin ag ceol nuair a bhí tú i do mhac léinn Ollscoile. Agus céard a cheap do chairde agus do chomrádaithe an uair sin?

Bhí siad iontach maith. Thug siad i gcónaí tacaíocht dom dá mbeinn ag ceol i lár na cathrach áit ar bith, b'fhéidir ag Sean-Nós Cois Life – bhí siad go maith. Thiocfadh cuid acu liom, agus tharla sé gur bhuaigh mé duais Oireachtais nuair a bhí mé i gColáiste Phádraig mar mhac léinn agus bhí siad millteanach maith dom agus thug siad go leor tacaíochta dom agus bhí siad bródúil asam agus bhí sin go deas, an tacaíocht sin a fháil.

Bhí tú ag ceol thar lear freisin in áiteanna éagsúla – cén dearcadh atá ag an bpobal idirnáisiúnta ar an amhránaíocht?

Bhuel chaith mé cúig seachtaine nó mar sin i Meiriceá i rith an tsamhraidh i mbliana agus bhí mé in Chicago ar feadh trí seachtaine agus bhínn ag ceol ansin sna tithe tábhairne agus tá pobal mór ansin a bhfuil suim acu sa cheol traidisiúnta agus bhí siad iontach tógtha leis. Ní raibh siad ag iarraidh ormsa amhrán ar bith a cheol i mBéarla – deireadh siad liom 'no, ceol amhrán i nGaeilge, amhrán i nGaeilge'. Agus bhí an-an-suim acu. Agus bhí mé ag ceol ar Oileán Mhanann anuraidh agus bhí an-suim ag na daoine ansin ann fosta, tá siad ag iarraidh an teanga... cineál...athbheochan a dhéanamh ar an teanga ansin agus bhain siad an-an-suim as mo chuid amhránaíochta fosta.

An gceapann tú gur féidir an sean-nós a mhúineadh?

Sílim gur féidir. Bhí mise ag múineadh sean-nóis ansin sna scoileanna, bhí mé ag obair i Scoil Lorcáin agus i nGaelscoil Chnoc na Ré i Sligeach agus bhíodh ranganna sean-nóis agam i gcónaí leis na páistí agus rachadh siad sna comórtais – fleadh an chontae agus chuig an Oireachtas – agus d'éirigh go breá leo agus fuair siad duaiseanna agus bhíodh siad ag canadh le cineál stíl Chonallach agus bhíodh an fhoghraíocht acu agus achan rud. Is cuimhin liom bhí Meaití Joe Shéamais ag déanamh moltóireachta ar chailín amháin de mo chuid, Éabha Nic Mhathúna, agus bhuaigh sí an comórtas faoi chúig bliana déag ar an tsean-nós. Agus seo cailín as Baile Átha Cliath agus bhí Meaití ag cur ceiste uirthi, tá a fhios agat, 'Cén áit ar fhoghlaim tú do chuid amhrán? Tá stíl Chonallach agat' – agus bhí, ar ndóigh – agus d'éirigh go maith léi – tháinig sé léi go nádúrtha agus d'fhoghlaim sí sin.

Ar mhaith leat véarsa beag a chasadh dúinn?

Maith go leor. Ceolfaidh mé véarsa den tSeanbhean Bhocht b'fhéidir.

Ceardlann 4: Ábhair Ollscoile

Inniu:

- *Dul siar ar an ábhar clúdaithe go dtí seo. Is faoin teagascóir féin é conas an dul siar seo a dhéanamh, mar shampla Quiz ar na mic léinn faoi nó abairtí a rá os ard i mBéarla agus go gcaithfeadh na mic léinn iad a scríobh i nGaeilge.*
- *Comhrá i mbeirteanna faoi na hábhair ollscoile atá ar bun acu agus ansin comhrá ina nduine agus ina nduine bunaithe ar sin. Is féidir nótaí a thógáil agus ceartúcháin úsáideacha a chuir ar an gclár bán. (Stór focal tacúil curtha ar fáil ina dhiaidh)*
- *Feasacht ar ghiorrúcháin na Gaeilge*
- *Cleachtadh foghraíochta (dul siar)*
- *Anailís 1 le tabhairt ar ais. Tasc 2 le seoladh isteach (Treoracha i gCuid 5 den leabhrán seo. Is taifead atá i gceist mar sin téigh tríd na treoracha leis na mic léinn).*

A: Dul Siar

Gníomhaíocht bunaithe ar an obair atá clúduithe go dtí seo (stór focal ábhartha.)

B: Obair Bheirte

Déan comparáid idir na freagraí a fuair tú féin agus na freagraí a fuair an duine in aice leat. An féidir libh cabhrú lena chéile? Tabharfaidh an teagascóir na freagraí cearta ansin.

C: Réamhphlé – Obair ghrúpa

Déan plé ar na hábhair atá ar bun agaibh san ollscoil ag déanamh tagairte do na modúil faoi leith agus na gnéithe is mó/lú a thaitníonn libh fúthu.

D: Comhrá

Beidh seans ag gach duine anois comhrá cúpla nóiméad cainte a dhéanamh leis an teagascóir faoina gcuid ábhar ollscoile. Cuirfidh an teagascóir nótaí úsáideacha gramadaí agus foclóra ar an gclár bán bunaithe ar an méid atá ráite ag an rang.

E: Obair Ghrúpa:

Ag obair le do ghrúpa, dean iarracht fáil amach céard a chiallaíonn na giorrachúin seo a leanas?!

GRMA
SGF
DS
CGL
Cc wil 2
LCD
An8
GOA
9L
Wil
KN
KJ
BB&B
Eeeh wah
Eee why
V
Féiní
LBM
IMT
TBO
NASAA

G: Foghraíocht (dul siar)

Léigh an scéilín thíos faoi Cholm bocht os ard don duine in aice leat. Dírigh ar na fuaimeanna atá i gcló trom.

1.

Chuir Colm ríomhphost **chuig** a **chuid** cairde go léir mar d'ól sé an iomarca an oíche roimh ré sa **chathair** agus bhí sé ag iarraidh fáil amach cén **chuma** a bhí air agus céard a rinne sé. Bhí sé ag iarraidh fáil amach cén **chomhairle** a **chuirfidís** air!

2.

Dúirt na cairde gur **chríochnaigh** Colm a phionta tar éis an **chéad** leath den chluiche agus ansin gur **cheannaigh** sé go leor óil do gach duine eile! An **cheist** a bhí ag a **cheathrar** cairde ná cá ndeachaigh sé ina dhiaidh sin mar níor **chreid** agus níor **cheap** siad go mbeadh sé fiú in ann siúl abhaile nó gur **cheart** dó..... ach a **chead** sin aige!

H. Ullmhú do thasc 2

Téigh tríd lth.54 agus 55 leis na mic léinn chun iad a ullmhú don tasc foghraíochta a bhéas le seoladh isteach roimh cheardlann na seachtaine seo chugainn.

Ceardlann a 5: Béaloideas agus Piseoga

- *Dul siar-Aistriúcháin bunaithe ar abairtí ón tseachtain seo caite.*
- *Réamhobair ar an bhfoclóir a bhaineann le béaloideas agus piseoga.*
- *Féachaint ar pháosa físe le Lillis Ó Laoire..*
- *Féachaint ar pháosa físe le Cathal Ó Searcaigh..*
- *Ansin, beidh na mic léinn ag féachaint ar na físeáin agus ag léamh na scrípteanna thíos ag an am céanna. Caithfidh na mic léinn líne a chur faoi aon fhocal nach dtuigeann siad. Mínigh dóibh aon rud nach dtuigeann siad.*
- *Gramadach: Briathra agus réamhfhocail ag teacht le chéile. Ceardlann 5: Anailís 2(ath-thaifead) le seoladh isteach.*
- *Aiseolas ar thasc 2 tugtha do na mic léinn agus ath-thaifead le déanamh ar thasc 2 agus é le seoladh isteach roimh cheardlann na seachtaine seo chugainn*

A: Dul Siar

Dul siar i bhfoirm abairtí le tabhairt i mBéarla agus iad le haistriú.

B: Réamhobair

- Cad atá i gceist leis na téarmaí seo a leanas? Pléigh agus mínigh iad.
 - béaloideas
 - piseoga
 - seanchas
 - finscéal
 - deasghnáth
 - orthaí
 - toibreacha beannaithe
 - an slua sí

C. Píosaí Físe (beidh siad le fáil ar Moodle.)

- Beidh oraibh féachaint ar na píosaí físe agus iarracht a dhéanamh an méid atá sibh in ann a thuiscint a dhéanamh amach.
- Ansin feicfidh sibh an físeán don dara huair, an uair seo ag féachaint ar an script thíos ag an am céanna. Cuir líne faoi on fhocal nach dtuigeann sibh.

D: Na scrípteanna

Mír 1: Lillis Ó Laoire

Is é an ghné den bhéaloideas is fearr a thaitníonn liomsa anois ná an creideamh traidisiúnta agus na gnéithe uilig a bhaineann leis sin. Baineann sé le dearcadh ar an **tírdhreach** agus ar an talamh, baineann sé leis an **tslua sí**, baineann sé le, mar a déarfá, **toibreacha beannaithe** agus baineann sé le pisreogaí agus an cineál sin rud uilig go léir, creideamh sa **leigheas traidisiúnta**, **orthaí** agus mar sin de. Le blianta beaga anuas tá mé ag obair mar léachtóir anseo i nGaillimh agus tá mic léinn ag teacht chugam agus spéis acu sna gnéithe seo. Agus trína gcuid taighde siúd tá mé féin ag foghlaim cuid mhór mhór faoi na rudaí seo. Múinim dhá chúrsa ar an scéalaíocht agus ceann de na gnéithe is mó a ndírím air sa dara leath den chúrsa sin na scéalta faoin slua sí. Agus an caidreamh a bhí ag na Críostaithe – an pobal sa tsaol seo le pobal an tsaol eile. Agus tá scéalta éagsúla ansin faoi dhaoine ar éirigh go maith leo agus iad ag plé leis an tslua sí agus daoine eile a rinne rud éigin mícheart ar na daoine maithe mar a thugtaí orthu, agus nár éirigh chomh maith sin leo. Faoi láthair tá mac léinn agam agus tá sí ag déanamh staidéar iontach spésiúil ar phisreogaí. Agus bhí scéal iontach aici faoin dóigh a dtiocfadh le bean fear a fháil. Agus is é an bealach a bhí ann de réir an tseanchaí agus an scéalaí Eddie Bheairtle Ó Conaola as an Aird Thiar i gCarna i gConamara ná cac an ghandail bháin. Is é sin, bhí ort roinnt caca a fháil ó

ghandal bán nach raibh aon **chleite** dubh nó liath ann. Agus bhí ort é sin a thriomú agus é a chasadh isteach i bpáipéar. Agus dá dtabharfá é sin leat agus tú ag dul chuig céilí nó chuig damhsa bheadh an t-ádh ort. Agus d'inis an seanchaí chomh maith faoi bhean a raibh cúigear infonacha aici agus tháinig sí chuige ag iarraidh an tsalachair seo agus dúirt sé gur oibrigh sé di – gur pósadh gach bean dá cuid infonacha **gan stró** ar bith.

Mír 2: Cathal Ó Searcaigh

Anois, mo mháthair, bhí spéis **mhilleteanach** aici sna siógaí. **Ní raibh léann ar bith uirthise.** Ní raibh léamh ná scríobh aici ach bhí eolas iontach aici ar na siógaí agus tógadh mé i dteach a bhí faoi dhraíocht ag na siógaí. Is cuimhneach liomsa nuair a bhíodh mo mháthair **ag ní na soithí.** Ag an am ní raibh uisce ar bith againn insa teach, ní raibh **uisce reatha** ar bith againn agus chaitheadh sí na soithí a ní i scála. Agus nuair a bheadh na soithí nite aici agus í ag dul amach a chaitheamh an t-uisce amach ar an tsráid, sheasódh sí i gcónaí **i mbéal an dorais,** ar feadh, b'fhéidir, **bomaite beag,** ar eagla is go mbeadh na siógaí ag dul thart agus, dá gcaithfeadh sí an t-uisce amach orthu bheadh siad iontach míshásta.

Bhí an cineál sin **deasghnáth** iontach tábhachtach. Agus ní cheadódh sí do m'athair crann a ghearradh anuas ná baint de **sceacha** ná clocha móra a bhí thart fán teach a bhogadh, mar ba sin **áitreabh na sióg.** Agus thug sí cúram iontach don chineál sin ruda!

Le caoinhead ó McGraw Hill.

D: Cómhra Ranga

An bhfuil aon phiseoga/scéalta sí ar eolas agaibh féin faoi bhur gceantair féin nó faoi champas Mhá Nuad b'fhéidir?!

E: Gramadach

1) Briathra agus réamhfhocail:

Tá roinnt briathra a bhíonn nasctha le réamhfhocail faoi leith chun go mbeidh ciall ag baint leo. Aistrigh na habairtí seo a leanas chun cleachtadh a dhéanamh ar na rialacha a bhaineann leis na briathra agus na réamhfhocail a thagann le chéile.

- a) *I enjoy (taitin) horror films.*
- b) *You are so lucky!*
- c) *Did you hear that Joe has a new girlfriend? He's completely under her spell.*
- d) *I passed (éirigh) my exam!*
- e) *My friend failed that exam!*
- f) *My father retired (éirigh) from his job.*
- g) *Did you pay for the ticket?*

F: Comhra

- Déanaigí plé i ngrúpaí de thriúr ar an scannán is scanrúla dá bhfaca sibh riamh.

Ceardlann 6: Cur i Láthair a Ullmhú

Inniu:

- *Comhrá faoi phoist páirtaimseartha agus caithimh aimsire.*
- *Deachtú le déanamh bunaithe ar an topaic thuas*
- *Dul siar ar na haimsirí*
- *Plé a dhéanamh ar an gcaint phoiblí.*
- *Léamhthuiscint bunaithe ar phíosa físe le hÁine Ní Ghloinn. Beidh na mic léinn curtha i ngrúpaí agus iad ag léamh, agus ansin beidh siad ag obair le chéile chun na ceisteanna a bhaineann leis an bpíosa a fhreagairt.*
- *An marc deireanach ar thasc 2 le seoladh ar ais chuig na mic léinn roimh cheardlann an seachtaine seo chugainn.*
- ***Cuid 1 de thasc a trí le déanamh (aiste 250 focal). Tá sonraí an tasc seo ar lth. 56***
- ***Ní bheidh an cur i láthair féin le déanamh go dtí seachtain a 9. Ní bheidh aon anailís le déanamh ar an gcéad chuid de thasc 3(an aiste.)***

A: Comhrá

- (1) Bígí ag caint i ngrúpaí faoin bpost páirtaimseartha atá agaibh. Mura bhfuil post páirtaimseartha agat, déan comhrá faoi do chuid caithimh aimsire.
- (2) Beidh seans ag gach duine anois comhrá cúpla nóiméad cainte a dhéanamh leis an teagascóir faoina gcuid poist/caithimh aimsire.

B: Deachtú

Déarfaidh an teagascóir abairtí i nGaeilge bunaithe ar an méid atá ráite agaibh, agus caithfidh sibhse na habairtí a scríobh i nGaeilge.

C: Gramadach

1. Dul siar ar na haimsirí: An mbeadh sibh in ann Gaeilge a chur ar na frásaí seo a leanas?

- *I will have to do the presentation by myself next week.*
- *Would you help me study this evening?*
- *I didn't go to the cinema with him after all.*
- *I'd go with you if I had the time but I have to get this assignment done.*
- *I'll eat my lunch later when I've finished this essay.*
- *Did you see the new classrooms? No.*
- *Will you come with me later? I don't want to go on my own.*
- *You'll get your results next week hopefully.*

D: Réamhphlé: Obair bheirte

- An bhfuil aon taithí agatsa ar an gcaint phoiblí?
- Céard iad na nósanna nach bhfuil inmholta dar leat agus cur i láthair á dhéanamh agat?
- Céard iad na tréithe a bhaineann le cur i láthair maith?

E: Léamhthuiscint: Obair ghrúpa

Beidh sibh ag léamh agallaimh a rinneadh le hÁine Ní Ghloinn maidir leis na scileanna a bhaineann le cur i láthair maith.

- Déanaigí comparáid idir na freagraí a thug sibhse sa réamhphlé agus na tuairimí a bhí ag Áine Ní Ghloinn.

Agallamh le hÁine Ní Ghloinn

An rud is tábhachtaí, sílim, maidir le labhairt le daoine, labhairt go poiblí, ná díreach é a dhéanamh, seasamh suas agus é a dhéanamh; taithí a fháil cuma cé mhéad botún a bhíonn déanta agat ach é a dhéanamh...seasamh os comhair daoine agus an taithí sin a thabhairt duit féin. Ach nuair ata méid áirithe taithí agat, ansin is féidir leat tosú ag cur feabhais ar do...ar do chuid cainte agus go háirithe, sílim, ar an méid atá le rá agat mar tá sé an-tábhachtach ar dtús go mbíonn a fhios agat cad atá tú ag iarraidh a rá, agus go minic seasann daoine suas agus leanann siad orthu le ráiméis éigin gan treo, gan oscailt, gan chríoch, gan lár ach leanann siad orthu pé scéal é. Ach sílim go bhfuil sé ana-thábhachtach a oibriú amach duit féin cén fáth go dteastaíonn uait an méid seo a rá agus cad é go díreach atá á rá agat. Mar sin tá taighde i gceist, caithfidh tú do chuid taighde féin a dhéanamh ar dtús. Taighde eile atá le déanamh agat, agus sílim go bhfuil sé seo thar a bheith tábhachtach ná a oibriú amach duit féin roimh ré, cé leis a bhfuil tú ag caint. An bhfuil tú ag caint le mic léinn ollscoile? An bhfuil tú ag caint le múinteoirí? An bhfuil tú ag caint le páistí? An bhfuil tú ag caint leis an bpobal i gcoitinne? Cé hiad na daoine seo agus cé mhéad eolais atá acu siúd ag an bpointe seo faoin ábhar seo. Ní thosaíonn tú leis an aibítir más daoine iad seo atá in ann leabhar a léamh, gach saghas rud a léamh, ach san am céanna más páistí óga iad, ní thugann tú *Sartre* le léamh dóibh nó ní thugann tú léacht dóibh ar *Sartre*. Mar sin, faigh amach cén t-eolas atá acu siúd faoin ábhar seo. Déan do chuid taighde arís. Mar sin, d'fhéadfá a rá gurb shin pointe a dó. Agus pointe a trí, arís nuair atá tú iomlán cinnte faoi cé leis a bhfuil tú ag caint, cén fáth a bhfuil tú ag iarraidh labhairt leo agus céard atá le rá agat, an chéad rud eile ná do chuid cainte a eagrú agus tagann sé seo le taithí. Sílim féin nár cheart dul thar cheithre phointe. Má bhreathnaíonn tú ar na *TED Talks* is fearr, má bhreathnaíonn tú ar aon chainteoir, ní théann siad thar fóir le tríocha pointe, ní théann siad thar fóir le staitisticí. Ná cráigh daoine le rudaí nach gcuimhneoidh siad orthu. Roghnaigh trí/ceithre phointe agus déan na pointí sin. Nuair atá na pointí sin déanta agat, féach ar do chuid cainte arís agus breathnaigh, cad é an bealach is fearr len é seo a oscailt? Cad é an bealach is fearr le bheith i d'iascaire agus an baoite a chaitheamh amach chun daoine a tharrac isteach le go mbeidh siad leat. Caithfidh tusa na daoine seo a mhealladh isteach agus ag an deireadh ansin, caithfidh tú arís a bheith mar iascaire agus caithfidh tú breith ar an iasc. Caithfidh tú a bheith iomlán cinnte go bhfuil do chuid pointí déanta agat agus go bhfuil an t-iasc istigh sa líon agatsa.

F: Iarphlé

- Déanaigí plé ar aon smaointe atá agaibh maidir le cur i láthair. Is féidir leat aon topaic a roghnú a bhfuil suim agat féin ann agus tá saoirse iomlán agat. Le blianta beaga anuas, roghnaigh mic léinn topaicí ar nós Harry Potter, caitheamh aimsire, laethanta saoire a bhí acu, scannán iontach a chonaic siad, aisteoir a thaitníonn leo, laochra atá acu, a gcuid peataí, an seacláid is fearr a thaitníonn leo agus an trácht i Má Nuad!

D: Obair bhaile

Scríobh aiste (ar a laghad 250 focal) bunaithe ar an topaic a bheidh á dhéanamh agat don chur i láthair.

Ceardlann 7: Cur i Láthair (ar lean.)

Inniu:

- *Dul siar ar obair na seachtaine roimhe sin i bhfoirm aistriúcháin.*
- *Ag ceartú botúin ghramadaí*
- *Cleachtadh agus plé ar an gcur i láthair a bheas le déanamh ag na mic léinn i gceann coicíse.*
- *Cuid 1 de thasc 3 le bailiú*
- **Tasc le déanamh ar Moodle**

A: Aistiúchán

Déanaigí na haistriúcháin atá ar an gclár bán atá bunaithe ar cheardlann na seachtaine seo caite.

B.Obair Ghrúpa. Gramadach

Anois beidh sibh ag féachaint ar abairtí atá lán le botúin agus beidh oraibhse na habairtí sin a cheartú. Tá na habairtí seo bunaithe ar an obair a rinne an dara bliain anuraidh!

1. Níl aon peataí agam sa bhaile ach má bheadh teach agam féin, beidh peataí agam.
2. Is iad sin an banna is cáiliúil ar domhain agus thaitníonn siad go mhór liom.
3. Ba mhaith liom tabhairt cuairt ar mo gaolta sa Mheiriceá.
4. Bíonn an t-aimsir thar bharr ins an tír sin.
5. Tá an ábhar sin an-tábhachtach liom mar tá suim agam do gach gné a baineann leis.
6. Tá sé an féile is mór ar domhain.
7. Tá na anailísí an-thábhachtach ach is fuath liom a bheith ag déanamh iad.
8. Tá mo dheirfiúr ceithre bhliain dhéag agus tá mo deartháir cúig mbliana dhéag.
9. Roimh a chuaigh muid abhaile, thugamaid cuairt chuig na tithe mór.
10. Chonaic mé cúpla daoine a bhí i do bhall do na clubanna sin.

D: Ullmhúchán don chur i láthair

Beidh tasc 3 (cur i láthair 3/4 nóiméad) le déanamh i gceardlann 9. Is cur i láthair ar stíl *Ted Talks* a bheas i gceist. Beidh seans anois ag gach mac léinn plé, ullmhúchán agus machnamh a dhéanamh le chéile ar an topaic sin agus aon cheisteanna atá acu a chur sa rang.

Ceardlann 8: Eagla, Imní agus Cairdeas

Inniu:

- **Fógra a thabhairt do na mic léinn go mbeidh siad ag déanamh an chur i láthair i rang na seachtaine seo chugainn. Is féidir leo úsáid a bhaint as an ríomhaire agus an teilgeoir.**
- *Aistriúcháin a dhéanamh*
- *Beidh léirmheas le déanamh ag grúpaí de thriúr ar scannán/clár teilifíse ar leith.*
- *Plé ar chaidrimh idir dhaoine bunaithe ar an Réamhphlé*
- *Méadú ar an stór focal a bhaineann le cúrsaí eagla, imní agus cairdeas*
- **Cuid 1 (an aiste) de Thasc 3 le tabhairt ar ais do na mic léinn. Níl anailís le déanamh ar an aiste seo.**

A: Cómhrá

Labhair leis an duine in aice leat faoin topaic atá piochta agat don chur i láthair.

B: Stór focal

(1) Beidh sibh ag féachaint anois ar fhíseán a bhaineann le himní ach ar dtús an dtuigeann tú na frásaí seo a leanas?

Táim chun beart a dhéanamh de réir mo bhriathar
Cuireann sé isteach orm
Shíl me...
Éispearas
Bheartaigh mé
Ag streachailt
Peirspictíocht níos leithne
Guth dochrach
Ag dul i ngleic le himní
Taom scaoill

<https://www.youtube.com/watch?v=KQfOdY6vCe8>

C: Plé

- An raibh sé deacair duit cairde a dhéanamh nuair a thosaigh tú ag an ollscoil? Céard iad na deacrachtaí is mó a bhaineann le cairde nua a dhéanamh? Céard iad na bealaí is fearr le bualadh le daoine nua ag an ollscoil?
- Céard iad na rudaí a chuireann an méid is mó imní/brú ort ó lá go lá?
- Cén chaoi a ndéileáil tú le himní, an bhfuil moltaí agat chun déileáil leis?

D:Eolas Breise:

<https://www.maynoothuniversity.ie/campus-life/student-wellbeing-support/counselling>

E: Aistriúchán agus scríbhneoireacht

(1) Beidh na téarmaí seo úsáideach agus sibh ag déanamh cur síos ar an scannán. Dean iarracht iad a aistriú go Gaeilge.

The acting was good/horrible.

the director

the producer

The main actor was excellent.

The soundtrack added to the film.

It was funny and romantic.

It really affected me.

the theme/plot of the film

(2) I ngrúpaí de thriúr, pioc scannán/clár teilifíse agus dean léirmheas leathleathanach air. Beidh duine amháin ag scríobh agus duine amháin á léamh amach ag an deireadh

H: Iarobair

Bain úsáid as na ceartúcháin a fuair sibh do thasc 3 chun cabhrú leis an gcur i láthair a bhéas le déanamh sa cheardlann an tseachtain seo chugainn.

Ceardlann 9: CAINT Mhá Nuad! Tasc Ranga 3: Cur i Láthair

Inniu:

- *Beidh na mic léinn ag dul suas ina nduine is ina nduine chun a gcur i láthair a thabhairt.*
- *Beidh an teagascóir ag coinneáil nótaí ar an tasc agus beidh an t-aiseolas agus an marc deireanach ar thasc 3 ag an mac léinn an tseachtain seo chugainn.*
- *Tasc le déanamh ar Moodle roimh cheardlann na seachtaine seo chugainn.*

CAINT Mhá Nuad!



Ceardlann 10: Caidrimh idir Dhaoine

Inniu:

- *Aon duine nach ndearna an cur i láthair an tseachtain seo caite, beidh siad á dhéanamh inniu sa rang.*
- *Botúin choitianta dara bliana le ceartú*
- *Plé ar chaidrimh idir dhaoine bunaithe ar an Réamhphlé.*
- *An difríocht idir **atá** agus **a bhfuil***
- *Cluiche a imirt bunaithe ar chúrsaí cleamhnais.*
- *Méadú ar an stór focal a bhaineann le cúrsaí grá.*

A: Cur i Láthair

Aon duine nach ndearna an cur i láthair an tseachtain seo caite, beidh siad á dhéanamh inniu sa rang.

B: Gramadach

Cearthaigh na habairtí seo a leanas a bhfuil go leor botún iontu. Tá na habairtí seo bunaithe ar na botúin is mó a dhéanann mic léinn dara bliana!

1. Bhím ag smaoineamh ar mo áit dhúchais ar feadh an tseachtain.
2. Beidh mé ag caint faoi peil inniu agus na imreoirí a imríonn le na clubanna áitiúil.
3. Tá sé an sliabh is airde i nGearmáin agus beidh muid ag dreapadh é!
4. Cheap mé gur bhí an rang sin thar bharr agus bhí cúpla daoine ag labhairt an Ghaeilge.
5. Tá an beirt acu ina cónaí faoin tuath agus bhíonn alán deachrachaí acu ins an áit sin.
6. An Feabhra seo chaite, bhí an-craic againn nuair a chuaigh muid go dtí an Gaeltacht.
7. Tá bhéim ar foghlaim na teanga Gaeilge mar ceapaim tá sé ag fhás.
8. Ta Éireann ag athrú agus chaithfidh muid a bheith sásta le é sin.
9. Tá dhá chúrsaí ar bun agam faoi láthair agus bhí fhios agam go mbeidh sin deachair.
10. Glac mé pháirt i cúpla imeachtaí i rith an bhliain.

C: Réamhphlé

- An gcreideann tú i ngrá an chéadradhairc?
- Ar cheart d'fhear íoc as gach rud ar an gcéad choinne?
- An réitíonn tú níos fearr le daoine atá cosúil leat nó difriúil uait féin?
- Cad a cheapann tú d'aipeanna ar nós *Tinder* agus *Bumble*?(Céard iad na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann leo?)

D: Gramadach

Cén fáth go n-úsáidtear “atá” in áiteanna agus “a bhfuil” in áiteanna eile san abairt seo thíos:

*Ba cheart dó a bheith le duine **atá** uaillmhianach agus tiomanta, nó le duine **a bhfuil** suim aici sa cheol. D’oirfeadh sé do bhean **a mbeadh** acmhainn mhaith grinn aici agus beagáinín craic ag baint léi.*

E: Cluiche cleamhnais (i mbeirteanna)

- Ar dtús téigh tríd na focail sa chló dubh. An dtuigeann sibh iad?
- Tá tú ag iarraidh cleamhnas a shocrú idir na daoine ar na cártaí. Lig ort go bhfuil siad ar fad ar *Tinder* agus meaitseáil iad agus mínigh cén fáth a n-oirfidís dá chéile.

<p>Is dochtúir óg é Dónal. Oibríonn sé uaireanta fada san ospidéal. Is duine ciúin, meabhrach é agus is maith leis a bheith ag léamh leabhar agus irisí. Tá sé cúthail, go háirithe le mná, agus uaireanta bíonn deacracht aige comhrá a dhéanamh le daoine nach bhfuil aithne mhaith aige orthu. Nuair a bhíonn sé ar a shuaimhneas, áfach, bíonn sé sách deisbhéalach agus tá acmhainn mhaith grinn aige.</p>	<p>Tá Eoin ag déanamh staidéir ar an ngnó san ollscoil, mar mhac léinn aibí. Is breá leis a bheith ag cabaireacht agus ag magadh agus tá sé an-mhuinéach. Is féidir leis a bheith beagáinín sotalach uaireanta agus bíonn sé sách ceannasach nuair a bhíonn deis aige. Bhí go leor cailíní aige thar na blianta ach níor mhair aon duine acu níos mó ná dhá nó trí mhí mar gur éirigh seisean bréan díobh.</p>
<p>Tá post buan seasmhach ag Pól i siopa. Is breá leis spórt agus imríonn sé le foireann peile. Tá sé dathúil agus aclaí ach ní raibh aon chaidreamh dáiríre aige riamh. Tá níos mó suime aige am a chaitheamh lena chuid cairde ón bhfoireann. Ba mhaith leis pósadh lá éigin agus tá sé ag tnúth leis an lá a mbeidh mac aige a mbeidh sé in ann peil a mhúineadh dó.</p>	<p>Tá post ag Liam mar gharraíodóir agus tá sé an-sásta leis, mar is breá leis a bheith amuigh faoin aer. Nuair a bhíonn am breise aige, bíonn sé ag péinteáil agus taitníonn an fhilíocht leis. Tá súil aige go mbeidh sé in ann pictiúr dá chuid féin a dhíol lá éigin. Níl mórán airgid aige ach tá sé an-rómánsach. Is breá leis a bheith ag cócaireacht freisin.</p>
<p>Tá Sinéad ag déanamh máistreacht san innealtóireacht ag an ollscoil is mó cáil sa tír. Tá sí cineálta agus flaithiúil, ach tá sí goilliúnach agus bíonn sí in ísle brí uaireanta. Nuair a bhíonn am breise aici, bíonn sí ag grianghrafadóireacht agus is breá léi a bheith ag taisteal.</p>	<p>Is cailín cúthail í Niamh agus oibríonn sí i monarcha áitiúil. Tá sí go hiontach ar an bpianó agus bíonn sí ag cleachtadh ar feadh uair an chloig ar a laghad gach lá. Tá sí dathúil ach bíonn sí leithleach uaireanta. Tá sí an-mhór lena tuismitheoirí agus ba mhaith léi clann dá cuid féin a bheith aici amach anseo, ach níl sí réidh chun a saoirse a chailleadh go fóill!</p>

Tá **Orla** ag obair i mbialann. Taitníonn an post léi agus is maith léi a bheith ag caint leis na custaiméirí – go háirithe fir óga dhathúla! Bíonn sí i gcónaí **gealgháireach**. Is é an caitheamh aimsire is mó a thaitníonn léi ná a bheith ag siopadóireacht lena cuid cairde.

Is úinéir siopa leabhar í **Róisín**, agus bíonn sí an-ghnóthach go minic. Cé nach bhfuil sí iontach dathúil, tá sí muiníneach agus lán craic agus tá go leor cairde aici. Nuair a bhíonn an t-am aici, is maith léi dul chuig bialanna, scannáin agus ceolchoirmeacha.

F: Stór focal

(1) An dtuigeann tú na frásaí seo a leanas? An féidir leat iad a úsáid le cur síos a dhéanamh ar dhaoine éagsúla i do shaol féin, nó ar na caidrimh atá agat leo?

Tá aithne mhaith agam ar...

Tá aithne súl agam ar...

dlúthchara

a bheith mór le duine

a bheith ag siúl amach le duine

fear céile/ bean chéile/ páirtí / leannán / buachaill / cailín

cion a bheith agat ar dhuine/ a bheith ceanúil ar dhuine

Táimid le chéile / pósta **le** deich mbliana **anuas** anois.

scartha / colscartha

Réitíonn muid go maith le chéile.

ag argóint de shíor

Ní bhíonn muid ar aon intinn faoi mhórán rudaí.

Bíonn sé i gcónaí ag caitheamh anuas ar mo chuid smaointe.

G: Seanfhocail – Obair bheirte

Léigh na seanfhocail thíos faoi phósadh agus faoi chleamhnas leis an duine in aice leat. Cén dearcadh a léiríonn siad faoin bpósadh? An aontaíonn tú leo?

- An chéad bhliain bliain na bpóg, an dara bliain bliain na ndorn.
- B'fhearr liom bean na bhfiche seift ná bean na bhfiche punt.
- Is mac do mhac go bpósfaidh sé, ach is iníon d'iníon go deo.
- Pós bean an ghleanna agus pósfaidh tú an gleann.
- Níl aon leigheas ar an ngrá ach pósadh.
- Más maith leat do mholadh, faigh bás. Más maith leat do cháineadh, pós.
- Ní féasta go rósta, is ní céasta go pósta.



NOLLAIG SHONA
AGUS
ATHBHILLAIN
FAOI MHAISE
DAOIBH.

Ceardlann 11: Teacht an Earraigh

Anois teacht an earraigh
beidh an lá dul chun síneadh,
Is tar éis na féile Bríde
ardóidh mé mo sheol.

As Cill Aodáin le hAntaine Ó Raifteirí (1784-1835)

Inniu:

- Ceisteanna ginearálta faoi cén chaoi a raibh an scrúdú, an Nollaig agus cén t-amchlár/plean atá acu do sheimeastar a 2 (aon cheachtanna foghlamtha ó sheimeastar a 1?!). Ba cheart go leor ama a chaitheamh ar an gcuid seo.
- D'fhéadfaí na mic léinn a chur i ngrúpaí ar dtús agus ansin ba cheart labhairt le cúpla duine de na mic léinn, nótaí a thógáil agus ansin abairtí bunaithe ar na freagraí a chur ar an gclár bán agus beidh ar na mic léinn aistriúcháin a dhéanamh bunaithe ar na freagraí sin.
- An t-alt a chur roimh roinnt focal agus míniú a thabhairt ar an tionchar a bhíonn ag inscne ar ainmfhocal agus aidiacht. Plé ar an aidiacht.
- Pointe gramadaí an lae - dul siar ar rialacha inscne an ainmfhocail agus na haidiachta.
- **Míniú a thabhairt ar thasc 4 a bheidh le déanamh roimh cheardlann na seachtaine seo chugainn.**

A: Réamhphlé - Obair ghrúpa

- Céard a rinne tú le linn saoire na Nollag?
- Cén chaoi a raibh na scrúduithe?
- Céard atá/a bheidh ar bun agat ó thaobh na hollscoile de an mhí seo? An bhfuil aon cheachtanna foghlamtha ó sheimeastar a 1?!
- An ndearna tú aon ghealltanais duit féin don bhliain nua?

B: Aistriúchán

Beidh sibh ag déanamh roinnt aistriúchán anois bunaithe ar an méid a bhí le rá thuas agaibh.

C: Gramadach

(1) Cuir an t-alt 'an' roimh na focail seo a leanas:

cisteog	_____
máthair	_____
saol	_____
sráid	_____
ceiliúradh	_____
uan	_____
ócáid	_____
féile	_____
mí	_____
ocras	_____
feirmeoir	_____


(2) 'féile thábhachtach'

Cén fáth a bhfuil séimhiú ar 'tábhachtach'? Cuir na haidiachtaí 'mór' nó 'maith' tar éis gach ceann de na focail thuas, athraigh iad más gá, agus mínigh cad is cúis leis na hathruithe.

(3) San iolra, cén fáth go mbíonn séimhiú ar an aidiacht uaireanta? mar shampla:
Na báid mhóra

D: Obair bheirte – Scríbhneoireacht chruthaitheach

I mbeirteanna, cuirigí críoch shásúil ar an scéal seo (thart ar 100 focal). Beidh gach grúpa ag léamh a gcuid freagraí amach don rang.



Chuaigh mé amach le haghaidh dinnéir agus chonaic mé páirtí mo chara is fearr sa bhialann ag ithe béile rómánsúil in éineacht le duine éigin eile!!.....

E: Obair bhaile

Beidh scríbhneoireacht chruthaitheach bunaithe ar do rogha pictiúr le déanamh agaibh do rang na seachtaine seo chugainn. Tá treoracha an tasc (tasc 4) ar fáil i gCuid 5 den leabhrán seo agus tá an scéim mharcála ar fáil i gCuid 7. Léigh go cúramach iad sula dtosaíonn tú an tasc.

Ceardlann 12– An Scríbhneoireacht Chruthaitheach

Inniu:

- Comhrá ginearálta faoi thascanna sheimeastar a 1
- Aistriúcháin de bhéal bunaithe ar an gcomhrá thuas agus dul siar freisin.
- Féachaint ar mhír físe le Nuala Ní Dhomhnaill agus í i mbun cainte faoi cheird na scríbhneoireachta (ar fáil ag www.teagascnagaeilge.ie>Ábhar samplach>an dara bliain>Téacsanna físe>ag dul i mbun pinn).
- Feasacht teanga – tionchar an Bhéarla ar an nGaeilge.
- Cleachtadh ar an scríbhneoireacht chruthaitheach.
- **Tasc 4 le bailliú**
- **Ceacht le déanamh ar Moodle**

A: Réamhphlé

Ag obair leis an duine in aice leat, déan plé ar na ceisteanna seo a leanas.

- Déan cur síos ar na tascanna a bhí le déanamh agaibh sa chéad seimeastar, go háirithe an cur i láthair agus an tasc foghraíochta (Is cleachtadh don scrúdú cainte é seo)

B: Aistriúchán

- Aistriúcháin le déanamh ar abairtí a deir an teagascóir os ard i mBéarla. (Dul siar ar ábhar ó sheachtainí eile.)

C: Mír físe

Féach ar an agallamh agus pléigh na ceisteanna seo le do pháirtí.

- Cén focal Gaeilge a úsáidtear le haghaidh *museum*?
- Cén aidhm a bhíonn leis na pictiúir a thaispeánann Nuala?
- Cen deacracht is mó a bhíonn ag na mic léinn agus iad ag scríobh i nGaeilge?
- Cad iad na rudaí a deir sí faoin ngramadach?
- Luaigh trí phointe a deir sí faoi a bheith ag múineadh mic léinn Mheiriceánacha?

C: Feasacht teanga

(1) Luann Nuala tionchar an Bhéarla ar scríbhneoireacht na mac léinn. Féach ar na frásaí thíos agus déan iarracht Gaeilge a chur orthu:

- *I was very drunk.*
- *This is your year.*
- *They did a good job.*
- *I did Irish to go on to be a primary school teacher.*
- *I'm studying Irish.*
- *It's not for me.*
- *It's up to you.*
- *That's my pen.*

Ansin féach ar na frásaí a chuir mic léinn dara bliana ar fáil ina gcuid scríbhneoireachta mar aistriúchán ar na frásaí thuas. An bhfuil leagan níos fearr curtha ar fáil agatsa thuas?

- Bhí mé ana-meisce.
- Is é seo do bhliain.
- Rinne siad post maith.
- Rinne mé Gaeilge chun dul ar aghaidh go dtí múinteoir bunscoile.
- Tá mé ag staidéar Gaeilge.
- Níl sé domsa.
- Tá sé suas duitse.
- Tá sé *mo* pheann.

D: Scríbhneoireacht bunaithe ar phictiúr – Obair bheirte

Ag obair leis an duine in aice leat, scríobh scéal bunaithe ar an bpictiúr thíos. Ní gá dul thar 200 focal. Úsáid do chuid samhlaíochta! Beidh sibh ag roinnt bhur gcuid scéalta leis na grúpaí eile.



Téipscript 6

Cad iad na straitéisí a úsáideann tú chun iad a chur ag scríobh?

Bíonn ana-chuid rudaí a dhéanaim – ó tá oiread san rudaí ann. Arís go mbraitheann sé ar an rang. An chéad lá tugaim isteach rud éigin ar nós oráiste agus *just* deirim *you know*, ‘déan cur síos ar oráiste’ nó rud éigin agus bíonn pictiúirí agam, pictiúirí a bhailím ó iarsmalanna agus áiteanna mar sin ar fud an domhain go bhfuil pictiúirí tábhachtacha a bhaineann le...leis...le traidisiún an Iarthair nó le traidisiún na Seapáine nó pé áit go mbím. Agus bíonn scata acusan agam i gcónaí agus is é an rud a dhéanann sé sin ná tugann sé fócas dóibh agus b’ait leat uaireanta na rudaí a thagann astu, mar ní...ana-mhínic ní bhíonn aon bhaint acu leis an rud go díreach. Ach is cuma. Níl ann ach slí chun dán a thosú. Ansan nuair a bhíonn siad ag obair agus go mbíonn méid áirithe á dhéanamh acu, ar ndóigh bíonn siad go léir ag déanamh na saorvéarsaíochta* – sin é an faisean atá ann sa bhfichiú haois. Ach tugaim le fios dóibh go bhfuil rudaí eile ann chomh maith, abair anois dá mbeifeá ag gabháil de Bhéarla bheifeá ag déanamh an tsoinéid** – ní bhíonn sé sin i gceist i nGaeilge mar níor thóg sé *really* i gceart, ach meadaracht an amhráin agus cad atá i gceist leis sin agus tugaimid samplaí de agus ansan oibrímid air sin. Agus ansan má bhíonn am againn i ndeireadh an téarma déanaimid meadaracht na mbard agus cad atá i gceist leis sin agus conas a d’fhéadfá úsáid as bhaint as san, go mbeadh ciall leis sa lá atá inniu ann.

Cad iad na deacrachtaí is mó a bhíonn acu agus iad ag scríobh i nGaeilge?

Is é an deacracht is mó a bhíonn acu ag scríobh i nGaeilge ná go mbíonn siad ag cuimhneamh i mBéarla. Agus bíonn, arís, bíonn cleasanna agam chun cur ina choinne sin agus múinim beagáinín gramadaí chomh maith nuair a bhím á dhéanamh. Abraimis, mar gheall ar an...má úsáideann siad an t-ainm briathartha***; *you know*, ‘ag bualadh’, ‘ag déanamh’; go gcaithfidh an tuiseal ginideach a bheith ina dhiaidh agus rudaí mar sin. Anois ní bhainim marcanna díobh ar deireadh de bharr na gramadaí ach caithfidh an ghramadach a bheith i gceart, *so* ag pointe áirithe idir an dréacht a thugann siad...an dréacht deireanach...agus an dréacht a thugann siad domsa agus an dréacht deireanach caithfidh an ghramadach a bheith ceartaithe. *So* ceartaím é sin – agus múinim dóibh nuair a bhím ag ceartú cad atá i gceist ar an spota, *you know*, canathaobh go gcaithfidh sé seo a bheith sa ghinideach agus canathaobh nach... nach...*you know*, go bhféadfá é seo a dhéanamh. Má chuireann tú trí ghinideach i ndiaidh a chéile go bhfuil sé uafásach ait, *you know*, nó go bhfuil sé róchnapánach agus conas a d’fhéadfá ceann amháin acu a bhaint as agus é a dhéanamh ar shlí eile – rudaí mar sin. Scileanna beaga mar seo a bhaineann le scríobh na Gaeilge.

An bhfuil téamaí ar leith a thagann chun cinn i scríbhneoireacht na ndaoine óga?

Bíonn an grá ana-mhór i gceist, agus is maith liom é sin mar ciallaíonn sé go bhfuil siad ag scríobh as a dtaithí féin. Agus, is ea, bíonn dánta grá go mór i gceist. Agus dánta a bhaineann lena muintir, leis an Mamó nó rud éigin mar sin. Roinnt mhaith acu bíonn siad uaigneach go leor – is dóigh leo go mbaineann dán le huaigneas nó le brón. Agus caithim a chur in iúl dóibh agus tugaim samplaí dóibh nach gá – abraimis tá dánta brónach go maith ag Seán Ó Ríordáin ach ansan tá cinn ar nós an dáin mar gheall ar an gcat agus an dán mar gheall ar an dán díreach, an lacha agus mar sin, gur dánta greannmhara iad. Agus tugaim iadsan dóibh chomh maith. Agus mar shampla air sin fuairéas dán ana-mhaith le déanaí – sort litir ab ea é ó ghadaí a bhí tar éis briseadh isteach i seomra mná óige agus bhí sé déanta ana-mhaith. Bhí sé iontach mar bhí sé íoróineach agus bhí sé greannmhar agus dán maith ab ea é chomh maith.

Bhí tú i do scríbhneoir cónaithe in Ollscoileanna thar lear, i Meiriceá ach go háirithe.

Bhíos, ach an t-aon trioblóid mar gheall ar Mheiriceá, ní féidir liom scríbhneoireacht chruthaitheach as Gaeilge a mhúineadh i Meiriceá mar níl an Ghaeilge go dtí an leibhéal san. Is féidir, áfach... is é an rud a dhéanaim ansan ná múinim cúrsa filíochta. Abraimis an uair dheireanach a bhíos i Notre Dame do mhúineas cúrsa filíochta an fichiú haois ag tosú le Pádraig Mac Piarais agus ag críochnú le Gearóid Mac Lochlainn agus gach éinne idir eatarthu agus bhíomar á dhéanamh i mBéarla le mórán aistriúchán – bhí dhá cheann nó trí (cinn) d’aistriúcháin agam ar chuid de na dánta ach i ndeireadh na dála phléimis i gcónaí an bundán. Mar bhí cuid acu agus ní raibh aon Ghaeilge acu agus bhí cuid acu agus bhí ceithre théarma de Ghaeilge déanta acu agus bhíodar tar éis dul ‘on Ghaeltacht chomh maith *so* bhíodar ana-mhaith agus bhí cúpla duine, abraimis, bhí cúpla rud a bhí deacair, abraimis bhí sé ana-dheacair aistriúcháin mhaithe a fháil do Bhiddy (Bidy)

Jenkinson), agus ag pointe áirithe thógas dán áirithe léi – ‘Suantraí na Mná Síne’ – agus dheineas...chuireas gluais ar gach aon fhocal agus ansan thugas an ghluais dóibh agus dúrt, *look*, téigí abhaile agus scríobhaigí an t-aistriúchán atá ag dul leis seo agus tháingadar isteach agus bhí rudaí iontacha déanta acu agus dhá cheann nó trí dúrt leo iad a chur ar aghaidh go dtí Bidy, go rabhadar chomh maith san.

* ‘an saorvéarsaíocht’ a deirtear

** ‘ag déanamh an soineid’ a deirtear

*** ‘an t-ainmfhocal’ a deirtear

6

Ceardlann 13: Moltaí don Ghaeilge ag an Dara agus Tríú Leibhéal

Inniu:

- *Comhrá faoin obair bhaile..*
- *Cleachtadh ar struchtúr ceiste.*
- *Plé ar an nGaeilge ag an dara agus tríú leibhéal*
- *Na treoanna.*
- *Tasc 4 le tabhairt ar ais agus anailís 4 le déanamh*

A: Comhrá

- (i) Ingrúpaí de thriúr, déanaigí comhrá faoi cad a cheap sibh den obair bhaile agus cuirigí ceisteanna ar an teagascóir mura dtuigeann sibh aon cheann de na ceartúcháin.*

B: Gramadach

Cum ceisteanna bunaithe ar na freagraí seo a leanas:

1. Thaitin an scríbhneoireacht chruthaitheach go mór liom.
2. Níor bhain mé taitneamh as an gcur i láthair.
3. Taitníonn struchtúr an chúrsa liom.
4. Bhí na hanailísí dúshlánach.
5. D'fhoghlaim mé go leor ón aiseolas.
6. Beidh mé críochnaithe leis na tascanna i gceann coicíse.
7. Rachaidh mé go Meiriceá don Samhradh.
8. Tá mé ag obair i siopa éadaí.
9. Ba mhaith liom a bheith i mo mhúinteoir bunscoile.
10. Réitím go maith leis na daoine eile sa teach.

B: Comhrá agus an Módh Coinníollach (Cabhróidh sé seo leis an scrúdú cainte)

- (i) Déan iarracht na briathra seo a leanas a chur sa Modh Coinníollach sa chéad phearsa:*

- Déan
- Mol
- Tabhair
- Cuir
- Faigh
- Athraigh

- (ii) Céard iad na hathruithe a dhéanfa dá mbeifeá i gceannas ar chúrsa na Gaeilge sna meánscoileanna?(Bíodh do chuid freagraí sa módh coinníollach)*


- (iii) Céard iad na hathruithe a dhéanfa dá mbeifeá i gceannas ar Roinn na Gaeilge i Má Nuad?(Bíodh do chuid freagraí sa módh coinníollach)*

- (iv) An molfá do dhaoine céim a dhéanamh i Má Nuad? Cén fáth?*

D: Na treoanna

(1) Aistrigh na focail ar fad ar an mapa.

(2) Anois cuirigí *Quiz* ar a chéile bunaithe ar sin!



Ceardlann 14: Difríocheaí Cultúrtha ar Scála Idirnáisiúnta

Inniu:

- Comhrá faoi na modúil éagsúla atá ar bun ag na mic léinn. (an chéad leath den rang)
- Comhrá faoi chúrsaí taistil agus chultúrtha
- Mír éisteachta (Teagascnagaeilge.ie: Difríocheaí cultúrtha idir mic léinn – Siobhán Ní Chonchúir ag cur síos ar na difríocheaí cultúrtha a thugann sí faoi deara idir mic léinn in Dubai agus mic léinn Mheiriceánacha).
- Gramadach: Dul siar ar an séimhiú san iolra agus ar na hathruithe tar éis ‘á’.
- Tasc scríofa maidir le mic léinn eachtrannacha a bheadh ar cuairt go Má Nuad.
- **Anailís 4 le bailliú agus tasc 5 le déanamh**

A: Comhrá (úsáideach don scrúdú cainte)

- Céard iad na modúil éagsúla atá ar bun agaibh an seimeastar seo? (píoc ceann a thaitníonn leat agus ceann nach dtaitníonn leat i ngach ábhar). Scríobhaigí síos aon cheann nach bhfuil Gaeilge agaibh orthu. Labhair le ar a laghad seisear eile sa rang (siúlaigí thimpeall!)
- Anois beidh comhrá agus cuirfear na téarmaí cearta de na modúil ar an gclár bán

B: Réamhphlé (úsáideach don scrúdú cainte)

An bhfuil mórán taistil déanta agaibh nó cultúir dhifriúla feicthe agaibh. An bhfuil aon difríocheaí cultúrtha faoi leith atá an-suntasach?

C: Éisteacht agus plé

Sa mhír seo tráchtann Siobhán Ní Chonchúir ar na difríocheaí cultúrtha idir mic léinn in Dubai agus mic léinn Mheiriceánacha.

Anois éist leis an mír agus freagair na ceisteanna seo:

- Luann Siobhán trí phointe maidir le difríocheaí cultúrtha. Cad iad?
- Cén chanúint atá ag Siobhán? Cad a thugann an chanúint le fios duit?

D: Pointí gramadaí (Dul siar)

‘...mic léinn Mheiriceánacha...’ Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an aidiacht thuas? Míneigh an rial agus ansin bain amach na lúbíní thíos agus déan pé athrú is gá ar na haidiachtaí.

tionscadail (deacair)	aistí (casta)	ceantair (bocht)
leathanaigh (fada)	fir (dathúil)	cailíní (dathúil)

- ‘...na héadaí a bhíonn á gcaitheamh...’ Cén struchtúr teanga atá i gceist anseo? Pléigh an struchtúr agus ansin cuir na focail ‘léine’ agus ‘hata’ in áit ‘éadaí’. Bain triail as na cinn seo:

na haistí atá á (déanamh)	an aiste atá á (déanamh)
an tionscadal atá á (déanamh)	an t-óstán atá á (oscailt)
an fhuinneog atá á (oscailt)	na hóstáin atá á (oscailt)

E: Obair scríofa – I mbeirteanna:

Tá tú ag obair in Oifig Idirnáisiúnta an choláiste. Caithfidh tú píosa a scríobh do mhic léinn eachtrannacha atá ag teacht go dtí an coláiste seo faoi na rudaí ar cheart dóibh a bheith ag súil leo. Scríobh féin agus do pháirtí iontráil a bheadh oiriúnach.

F: Obair bhaile

Beidh script teilifíse le scríobh agaibh don tseachtain seo chugainn. Tá treoracha an taisc (tasc 5) ar fáil i gCuid 5 den leabhrán seo agus tá an scéim mharcála ar fáil i gCuid 7. Léigh go cúramach iad sula dtosaíonn tú an tasc.

Téipscript 8

Cad iad na mór dhifríochtaí cultúrtha a thugann tú faoi deara idir na mic léinn thall in Dubai agus na mic léinn Mheiriceánacha go raibh taithí agat orthu roimhe seo?

Bhuel, na mic léinn Mheiriceánacha, is féidir brath orthu céad faoin gcéad – aon rud in aon chor a iarrann tú orthu, mar shampla, a bheith in áit éigin ar a haon a chlog, beidh siad ann ar a haon a chlog agus beidh sé sin cinnte. Má bhíonn tú ag iarraidh rud éigin a eagrú in Dubai bíonn sé i bhfad níos deacra, mar is é an freagra a thabharfaidh gach aon scoláire ort ná *Inshallah*, agus ciallaíonn sé sin ‘le cúnamh Dé’ nó ‘le toil Dé’. So bíonn sé ana-dheacair a fhios a bheith agat an mó duine a thiocfaidh go dtí rud – ní maith leo diúltú duit. Dá bhrí sin deir siad i gcónaí *Inshallah*.

Rud eile, is dócha, a thugaim faoi deara ná na héadaí a bhíonn á gcaitheamh ag na scoláirí – éide thraidisiúnta a bhíonn ar na fir ar fad sa choláiste – éadaí bána, gléigeala, síos go talamh. Bíonn siad nite, scriosta, iarnáilte, bíonn siad chomh glan, chomh hálainn – ní hé an *shabby chic* a thaitníonn leo. Bíonn siad i gcónaí ag féachaint go hiontach. Ní rud ró-neamhghnách é ach oiread smideadh súl a bheith á chaitheamh acu. Is é sin an *kohl* a bheith timpeall ar na súile d’ócáidí sóisialta – so bíonn sé sin ana-dhifriúil ar fad ar fad.

Rud eile atá ana-dhifriúil is dócha, ná go bpósann siad ana-óg. Tá scoláirí ar m’aithne atá geallta agus gan iad ach ocht mbliana déag d’aois. Cleamhnais is mó a bhíonn i gceist, cé go bhfuil saoirse áirithe acu a bpáirtithe féin a roghnú i gcomparáid le tíortha Arabacha eile. Tá leaid ar m’aithne anois agus beidh sé ag pósadh i mí an Mheithimh, agus a chol ceathrar a bheidh sé ag pósadh, agus níor bhuail sé léi ó bhíodar ina leanaí beaga so níl aon aithne faoin spéir aige uirthi, agus gan dabht tá sé ana-neirbhíseach mar gheall air.

Ceardlann 15: An Ghaeilge agus Cúrsaí Fostaíochta

Inniu:

- *Comhrá faoi cén fáth gur phioc siad an Ghaeilge agus na poist a thaitneodh leo*
- *Dul siar ar an séimhiú san iolra agus na treoanna.*
- *Drill ar na ceisteanna (ag cur ceisteanna ar na mic léinn in aimsirí/struchtúir éagsúla agus orthu an freagra cruinn a thabhairt...dearfach agus diúltach).*
- *Mír éisteachta (Conairí éagsúla gairme tógtha ó TeagascnaGaeilge.ie) – Beirní Ní Chuinn ag labhairt faoi na conairí éagsúla gairme a lean sí go dtí seo ina saol.*
- *Pointí gramadaí: Dul siar ar an tuiseal ginideach, treonna, suíomh, gluaiseacht.*
- **Tasc 5 le bailiú**
- **Beidh ar na mic léinn féachaint ar eipeasóid amháin de Ros na Rún roimh an chéad cheardlann eile.**

A: Dul siar – Aistriúchán

Aistrigh na frásaí seo a leanas:

- *the big windows*
- *the small offices*
- *the friendly men*
- *going north*
- *east*
- *south*
- *going west*

B: Réamhphlé – Obair ghrúpa (úsáideach don scrúdú cainte):

- An bhfuil post páirtaimseartha agat faoi láthair. Déan cur síos air.
- An bhfuil aon chonair ghairme i d'aighe agat faoi láthair don todhchaí?
- Cén fáth ar roghnaigh tú an Ghaeilge? An bhfuil do rogha ceangailte le cúrsaí gairme?

B: Gramadach (úsáideach don scrúdú cainte):

Cleachtadh ar struchtúr ceiste: Drilleanna ar na ceisteanna. Beidh an teagascóir ag cur ceisteanna in aimsirí éagsúla agus caithfidh na mic léinn 'yes' agus 'no' a rá i nGaeilge ag úsáid an struchtúr agus an aimsir cheart!

C: Éisteacht agus plé:

Beidh tú ag éisteacht le Beirní Ní Chuinn, láithreoir raidió le Raidió na Gaeltachta, ag cur síos ar chinntí éagsúla gairme a rinne sí ina saol. Freagair na ceisteanna seo a leanas:

- (1) Céard a rinne sí san Aifric?
- (2) Céard a bhí ar bun aici in Ollscoil na Gaillimhe?
- (3) Cé mhéad bliain a bhfuil sí ag obair sa Raidió?
- (4) Cén Ghaeilge a chloistear i dtreo deireadh an agallaimh ar post-grad?

D: Iarobair

Sa chéad cheardlann eile tar éis an tsosa, beidh muid ag caint faoi chúrsaí scrípte. Féach ar chlár amháin de chuid *Ros na Rún* roimhe sin agus bí réidh chun comhrá a dhéanamh faoi sa cheardlann.

Téipscript 9

Agus is cuimhin liom go maith go raibh sé sa cheann agam ar feadh cúpla bliain sara gcríochnaíos i gCnoc Síon go dteastaigh uaim dul ag obair san Afraic, agus go dteastaigh uaim rud éigin a dhéanamh ar mhaithe le, is dócha, buíochas a ghabháil leis an bhFear in airde as saol réasúnta maith a thabhairt dom go dtí san. Agus tharla sé go dtáinig APSO go dtí an coláiste lá amháin, agus eagrais leathstáit a bhí iontusan a bhí ag plé le hobair dheonach san Afraic ag an am, agus th'anam 'on diabhal cad dúradar a bhí acu ná post thíos i Lesotho do mhúinteoir tís. Bhí agam. Chuireas isteach air agus *away* liom laistigh de leathbhliain. Bhí ceithre mhí tugtha ag múineadh agam san Uaimh ach a gcríochnaíos i gCnoc Síon, agus ansan sin é an uair a thugas faoi dheisceart na hAfraice agus bhíos ag múineadh ansan amuigh agus ag plé le hobair ar shiollabas nua tís a fhorbairt don dtír chomh maith. Blianta iontacha – bhíodar go diail ar fad. Ach cogar, táim dul ar bhóiléagar anois ó chúrsaí oideachais, cé is go, nuair a chuimhním siar air, gurb í an Afraic an t-oideachas ab fhearr a fuair as na blianta ar fad a chaitheas ag teacht is ag imeacht go dtí coláistí agus go dtí ranganna agus ag scríobh aistí is a leithéid. Ach nuair a thána abhaile tar éis ceithre bliana, ar aon chuma, am' baiste féin, ní raibh aon fhonn orm dul ag múineadh in Éirinn, agus is é an t-eagla* is mó a bhí orm ná go bhfaighinn post a mbeadh pinsean á leanúint agus go mbeadh beirthe orm ansin. Bhí ana-scanradh orm go gcuirfí ceangal orm in aon áit in Éirinn, mar is é an rud a bhí sa cheann agam bliain a thabhairt ag baile agus scaoileadh faoi amach chun na hAfraice arís. Bhí an oiread sin de dhúil agam i saol na hAfraice faoin dtráth sin.

Ach pé scéal é, chuala trácht ar an gcúrsa seo a bhí le tosú thuas in Ollscoil na Gaillimhe agus bhí an cúrsa bunaithe le díriú isteach ar ghátar a bhí le hiriseoirí agus léiritheoirí agus láithreoirí agus lucht ceamara agus a leithéidí sin, toisc go raibh an rialtas meáite ar thús a chur le TG4 laistigh de bhliain nó dhó. Thugas faoi ar aon chuma, agus níor cheapas go bhfaighinn aon áit ar an gcúrsa, ach th'anam 'on diabhal go bhfuair as, agus dheineas an cúrsa agus thaitin sé ana-mhór liom, agus níos mó ná san thaitin an bhliain sa Ghaillimh liom. Mar, an dtuigeann tú, bhí céim agamsa sa tíos agus sa Ghaolainn, ach is beag duine againn a bhí ag staidéar na Gaolainne i gCnoc Síon agus ní raibh aon bhéim ar an nGaolainn i gCnoc Síon agus cheapas ar shlí gur ar neamh a bhíos ach a rabhas istigh san ollscoil sa Ghaillimh, mar ní fhéadfainn a chreidiúint go raibh an oiread béime ar an nGaolainn agus go raibh oiread measa ar an gcainteoir dúchais agus ar an té go raibh spéis acu sa Ghaolainn. Bhíos ana-thógtha ar fad leis agus 'bhreá liom an bhliain a thugas istigh san ollscoil. In ana-chuid slite bhláthaíos agus bhláthaigh mo chuid Gaolainnese agus mo dhílseacht dom' dhúchas agus don dteanga. Ach nuair a bhí an bhliain sin istigh ar aon chuma, chuireas isteach ar laethanta oibre sa Raidió – Raidió na Gaeltachta. Arís, ní raibh sé sa cheann agam ach b'fhéidir cúpla mí oibre a dhéanamh agus bailiú liom chun na hAfraice ansan. Agus nach ait an rud é, is dócha nach raibh ach leathbhliain déanta sa Raidió agam nuair a rug an rud ar fad greim uafásach ar mo chroí agus ar m'intinn agus ar mo mheabhair agus bhí deireadh leis an Afraic ansan.

Anois nílím ag rá go raibh deireadh leis an Afraic go hiomlán, mar téim thar n-ais chun na hAfraice na' haon bhliain mar d'fhágas cairde iontacha amuigh ann, ach deinim amach go dtána go dtí pointe de mo shaol go ndúirt liom féin go raibh sé in am agam filleadh ar mo dhúchas féin agus rud éigin a dhéanamh ar mhaithe le mo phobal féin agus mo mhuintir féin – agus mo theanga féin níos mó ná aon ní eile – agus táim sa Raidió ó shin. Sin trí bliana déag, seachas briseadh gairme a thógas trí bliana ó shin ach a dtugas m'aghaidh ar an mBruiséil. N'fheadar cén saghas tochais a thagann

sna lúidíní ormsa go gcaithfidh mé a bheith ag imeacht i gcónaí, ach ní hé go rabhas bailithe den Raidió cúpla bliain siar, ach is dócha go dteastaigh athrú, agus thugas faoi Pharlaimint na hEorpa agus thugas bliain go leith ansan ag obair in éineacht le páirtí atá i rialtas sa tír seo faoi láthair anois – le Fianna Fáil – agus bhaineas ana-shásamh ar fad as – ana-shásamh ar fad. Arís, oideachas iontach ab ea é ach oideachas difriúil – ní raibh foirmeáltacht ar bith ag baint leis ach amháin gur oideachas iontach ó thaobh na polaitíochta agus ó thaobh an tsaoil mhóir chomh maith é. Agus thána abhaile as san, thugas bliain ag baile agus thugas ansan faoi iarchéim sa Phleanáil Teanga. Bhí sé in am arís rud éigin a dhéanamh, a bhraitheas féin i mo chroí. Agus bhíos ag faire amach d'iarchéimeanna difriúla sa Ghaolainn, agus i ndáiríre ní hé an oiread sin spéise a bhí agam i gcúrsaí litríochta le go dtabharfainn faoi rud éigin mar sin. Theastaigh rud éigin níos praiticiúla uaim, agus is dócha toisc go bhfuilim ag obair in earnáil na Gaolainne agus go bhfuil an rud a bhfuilim ag plé leis ana-phraiticiúil ó thaobh na hiriseoireachta agus gairm na craoltóireachta, mheasas go mb'fhéidir gurb í an Phleanáil Teanga** ab fhearr dom féin. Agus tá sé sin bun-déanta anois agam – níl le déanamh agam ach an tráchtas. Bhaineas ana-shásamh as. Is breá liom an t-ábhar a bhaineann leis an iarchéim áirithe seo, agus cad atá le rá agam ach amháin go bhfuilim ag súil go n-osclóidh doras éigin eile dom ach a mbeidh deireadh déanta agam san Acadamh, agus le cúnamh Dé, pé rud a thiochfaidh chugam go scaoilfidh mé faoi le dúthracht agus le dílseacht faoi mar atá súil agam atá déanta agam le haon phost a dheineas suas go dtí seo.

* baininscneach sa Chaighdeán Oifigiúil

** 'gurb é an Pleanáil Teanga' a deirtear.

Ceardlann 16: Cúrsaí Grinn agus Scríbhneoireacht Scripte

Inniu:

- *Plé ar thopaic na ceardlainne roimhe seo (Dul siar ar an bhfoclóir)*
- *Plé ar cad a rinne siad don tseachtain shaor.*
- *Botúin choitianta a cheartú*
- *Dul siar ar an módh coinníollach*
- *Cleachtadh foghraíochta*
- *Cleachtadh ar scríobh scripte má bhíonn am*
- **Tasc 5 le tabhairt ar ais agus anailís 5 le déanamh.**

A: Dul siar agus Comhrá

Dul siar ar ábhar ón gceardlann deireanach agus plé ar an eipeasóid de Ros na Rún a chonaic siad. Comhrá faoin tseachtain shaor a bhí acu.

B: Ceartaigh na habairtí seo a leanas. Tá siad lán le botúin!

1. Bhí an scannán sin sách mhaith ach níor thaitin é le mo deirfiúr atá ceithre bhliain déag.
2. Chun a bheith fírinne, ní raibh mé ag éisteacht i rith an chaint sin mar bhí mé ag smaoineamh ar rudaí éagsúil.
3. Don cuid is mó, bím ag dhíriú ar mo chuid gramadach ins na tascanna agus ansin ag déanamh iad.
4. Déirfinn go bhfuil an thasc sin cothrom go maith ach fós níl mé ag iarraidh déanamh é!!

C : Comhrá

Dul Siar ar an módh coinníollach. Freagraí an cheist seo a leanas sa mhódh coinníollach:

- *Dá mbeifeá i gceannas ar Roinn na Gaeilge anseo i Má Nuad, céard iad na hathruithe a dhéanfá?*

C: Foghraíocht (Dul siar)

An fhoghraíocht: D caol /d'/ agus leathan /d/

1. Éist agus abair:

Tús an fhocail	
Caol	Leathan
dís	d'aois
d'iarr	daor
deacair	dochar
deo	dó
díobh	daoibh
deoch	docht
déan	d'aon
go dtéann	go dtagann
dream	dráma
dlí	dlúth
Déardaoin	dáil
deartháir	dainséarach
deifir	daoine

D: Aistriúchán:

Déan aistriúchán ar na focail seo a leanas:

- Sarcastic
- He was picking on me
- He was joking about me
- I have a sense of humour
- Comedian
- Dark humour
- Irony
- To play a trick on someone
- Funny (focal a thosnaíonn le 'b'!)

E: Plé – Obair ghrúpa

- Cad iad na cláir ghrinn is fearr leat ar an teilifís?
- Cad é an scannán grinn is fearr a chonaic tú riamh?

F: Obair bheirte/ghrúpa – Script a scríobh i mbeirteanna

Féach ar an ngearróg seo ón sobaldrama Ros na Rún

<https://www.youtube.com/watch?v=wuTu1rebaZ0> agus scríobh script don 5 nóiméad a leanann an píosa sin. Úsáid do chuid samhlaíochta!!

Ceardlann 17: Cultúr an Óil

Inniu:

- Dul siar ar an módh coinníollach
- *Plé ar chultúr an óil in Éirinn.*
- *Feasacht teanga maidir le tíortha agus teangacha.*
- *Stór focal bunaithe ar an topaic a fhorbairt.*
- *Cleachtadh scríofa ar an ábhar.*
- *Anailís 5 le bailliú agus tasc 6 le déanamh. Téigh tríd na treoracha le haghaidh tasc 6.*

A: Gramadach:

Dul siar ar an módh coinníollach. Aistrigh na habairtí seo a leanas:

- (i) Would you recommend that book? Yes/No
- (ii) Would you do me a favour? Yes/No
- (iii) Would you put more emphasis on spoken Irish? Yes/No
- (iv) Would you change the course? Yes/No
- (v) Would you collect my car for me? Yes/No

B: Réamhphlé – Obair ghrúpa:

Déan plé leis na daoine i do ghrúpa faoi na hábhair seo a leanas:

- An gceapann tú go bhfuil droch-chaidreamh ag muintir na tíre seo leis an óil?
- Dá mbeadh deartháir/deirfiúr níos óige leatsa ag dul isteach sa chéad bhliain san ollscoil anois, cén chomhairle a chuirfeá orthu maidir le cúrsaí óil?

D: Éisteacht agus plé:

Beidh Cian Marnell (Teagasnagaeilge.ie) ag caint sa mhír seo faoin difríocht atá idir cultúr an óil anseo in Éirinn agus thar lear.

(1) Féachaigí ar an stór focal thíos ar dtús agus déan iarracht buille faoi thuairim a thabhairt maidir le cad a chiallaíonn siad:

- eisceadúnas
- fad a chur le
- tábhairneoirí
- foréigean
- troideanna / brúfonta
- cosc ar
- ionad timpistí agus éigeandála
- freagracht / freagrach
- fad a chur le
- Sprionlaitheacht

(2) Déan iarracht trí phointe a dhéanann Cian Marnell a bhreacadh síos.

E: Iarphlé – Obair bheirte

- An gceapann sibh go bhfuil fadhb ag mic léinn ollscoile/mic léinn Mhá Nuad leis an óil
- Níl Cian Marnell róthógtha le sprionlaitheacht. Tá sé de theist ar mhic léinn nach maith leo airgead a chaitheamh – an bhfuil sé sin fíor, dar leat? Cad air is mó a chaitheann mic léinn airgead?

- An dtuigeann tú na leaganacha seo? Cén Béarla a chuirfeá orthu?

deoch an dorais
 tá ceann tinn orm
 tá póit orm
 deoch a sheasamh do dhuine

F: Feasacht teanga: Obair ghrúpa

- Lean an patrún sa bhosca thíos

An Fhrainc	Francach	na Francaigh	carr Francach	carranna Francacha	Fraincis
An Spáinn					
An Ghearmáin					
An Iodáil					
An tSín					
An tSeapáin					
Meiriceá					
Albain					

- **Pléigh na ceisteanna seo:**
- Cén fáth a ndeirtear ‘sa Spáinn’ ach ‘i Meiriceá’? Cén fáth a ndeirtear ‘go dtí an Spáinn’ ach ‘go Meiriceá’? Pléigh an scéal le duine eile agus ansin cuir an leagan Gaeilge de na frásaí ‘*I am going to...*’ agus ‘*I was in...*’ roimh na tíortha ar fad atá sa cholún ar chlé sa bhosca.

Ceardlann 18: Cúrsaí tuaithe agus cathrach agus an Ghaeltacht

Inniu:

- *Plé ar shaol na tuaithe agus saol na cathrach*
- *Struchtúir ceiste agus aistriúcháin*
- *Is féidir cleachtadh ginearálta don scrúdú cainte a dhéanamh ag aon am sa cheardlann seo.*
- *Anailís 5 le tabhairt ar ais agus Tasc 6 le bailliú*
- *Ceacht le déanamh ar Moodle*

A: Comhrá – Obair ghrúpa

- Cad é an gaol atá idir mic léinn ón gcathair agus mic léinn ón tuath i do choláiste féin? Cé acu is dúshlánaí, dar leat: saol na mac léinn cathrach nó saol na mac léinn ón tuath?
- Cad iad na réamhthuirimí atá ann faoi mhuintir na tuaithe in Éirinn agus faoi mhuintir na gcathracha? An bhfuil difear idir na réamhthuirimí atá ann maidir le daoine as na cathracha éagsúla: Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Béal Feirste, Gaillimh?
- An raibh tú sa Ghaeltacht riamh? Bí ag caint faoi do thaithí ansin. (úsáideach don scrúdú cainte)

B: Tasc – Obair ghrúpa

- Bí ag obair i ngrúpa de cheathrar. Roghnaígh ceann de na pointí thíos. Forbraíodh beirt agaibh pointí a bheadh oiriúnach do dhíospóireacht i bhfabhar an rúin sin agus forbraíodh an bheirt eile pointí a bheadh oiriúnach do dhíospóireacht i gcoinne an rúin. Nuair a bheidh sibh sásta go bhfuil na pointí forbartha agus cleachta agaibh, cuirigh tús leis an díospóireacht.
 - Ní féidir a rá go bhfuil tú ag baint tairbhe cheart as do chuid ama sa choláiste má théann tú abhaile gach deireadh seachtaine.
 - Níl tú ag blaiseadh de shaol an mhic léinn mar is ceart má tá tú i do chónaí sa bhaile le do thuismitheoirí.

C: Feasacht teanga

- Tá foirmeacha ceisteacha riachtanach chun agallaimh agus suirbhéanna a dhéanamh ach is minic a chothaíonn siad deacrachtaí d'fhoghlaimoirí. Pléigh an méid atá ar eolas agat fúthu agus déan iarracht Gaeilge a chur ar na ceisteanna thíos.

When did you go? (cathain?)

What did you do last night?

How often do you listen to RnaG?

How did you get that book? (conas?)

Why did you do that? (cad chuige?)

When did you go? (cén uair?)

Where did you do that?

Don't you ever listen to RnaG?

Why did you get that book? (cén fáth?)

How did you do that essay? (cén chaoi?)

- An bhfuil Gaeilge agat ar na focail thíos a bhaineann le suirbhéanna?

45%

comparative analysis

majority

a percentage

maximum

minority

statistics

minimum

the total

D: Léigh agus pléigh (Má bhíonn am!)

- Scríobh cuntas ar an bhfógra teilifíse is fearr a chonaic tú nó ar an bhfógra raidió is fearr a chuala tú riamh. Déan tagairt do na nithe a luaitear sa téacs i do chuntas.
- Cén clár raidió/podchraoladh is fearr leat agus cén fáth?

Ceardlann 19: Eachtrannaigh ag Foghlaim Gaeilge/Mionteangacha

Inniu:

- *Plé ar Eachtrannaigh ag Foghlaim Gaeilge agus mionteangacha*
- *Plé ar mhúineadh na Gaeilge thar lear*
- *Sliocht agus físeán tógtha ó [www.tuairisc.ie](https://tuairisc.ie) (<https://tuairisc.ie/is-mise-taho-is-brea-liom-an-cheathru-rua-scolaire-na-mohaicise-ata-ag-foghlaim-na-gaeilge/>) Beidh an nasc seo le fáil ar Moodle chomh maith.*
- *Is féidir cleachtadh ginearálta a dhéanamh don scrúdú cainte má bhíonn am.*
- **Tasc 6 le tabhairt ar ais agus anailís 6 le tabhairt isteach sa chéad cheardlann eile.**

A: Físeán

Beidh sibh ag féachaint anois ar fhíseán gearr a thugann cúlra dúinn ar scéal Tahothoratíe Cross agus a thuras go hÉirinn.

<https://tuairisc.ie/is-mise-taho-is-brea-liom-an-cheathru-rua-scolaire-na-mohaicise-ata-ag-foghlaim-na-gaeilge/>

B. Léamhthuiscint

Beidh sibh ag léamh píosa anois faoi dheiseanna teagasc thar lear. (Tá an sliocht seo tógtha ó www.saoloibre.ie)

Teagasc thar sáile - Tá éileamh ar mhúinteoirí Gaeilge thar sáile fós ag dul i méid. Bíonn scoláireachtaí ar fáil dóibhsean ar spéis leo taisteal chuig Meiriceá agus Ceanada; cuireann coláistí tríú leibhéal sa Ríocht Aontaithe agus níos faide anonn cláir Gaeilge ar fáil, agus is deis iad taisteal thar lear chun Gaeilge a mhúineadh:

- Faoi Chlár Fulbright do Chúntóirí Teagaisc Teanga (FLTA) féadfaidh céimithe a labhraíonn Gaeilge obair i gcoláistí agus in ollscoileanna sna Stáit Aontaithe agus ranganna Gaeilge a chur ar fáil. I measc na gcritéar incháilitheachta tá Gaeilge líofa a bheith agat, bunchéim, taithí theagaisc agus spéis a bheith i d'ambasadóir d'Éirinn. Chomh maith leis sin, cuireann Fulbright deiseanna ar fáil d'acadóirí le Gaeilge teagasc ar gach leibhéal nó taighde a dhéanamh in SAM.
- Cuireann Fondúireacht Ollscoile na hÉireann agus Ceanada (ICUF) dámhachtainí Gaeilge ar fáil gach bliain, ag soláthar scoláireachtaí do chéimithe ionas gur féidir leo am a chaitheamh ag teagasc na Gaeilge i gCeanada. Faoi láthair tá breis is 30 coláiste agus ollscoil i SAM, Ceanada (áit ina bhfuil Gaeltacht), an Astráil, i dtíortha Eorpacha augs áiteanna eile níos faide anonn, a chuireann cláir Gaeilge agus Léinn Cheiltigh ar fáil ina n-institiúidí féin. Cuireann roinnt institiúidí sa Bhreatain, amhail Coláiste na nGael i Londain, ranganna Gaeilge ar fáil.

C: Iarphlé:

- An mbeadh suim agat a bheith ag múineadh na Gaeilge thar lear?
- Ceard iad na buntáistí/míbhuntáistí a bhaineann le bheith ag múineadh (ag gach leibhéal)?
- An bhfuil aon phleananna taistil agat don samhradh?

Ceardlann 20: Dul siar

Inniu:

- *Anailís 6 le bailiú agus seolfaidh an teagascóir an marc deireanach chuig na mic léinn an tseachtain seo chugainn.*
- *Cuirfidh an teagascóir scrúdú cainte gearr ar gach mac léinn, agus beidh an teagascóir ag tógáil nótaí agus ansin ag tabhairt aiseolais agus ceartúcháin ina dhiaidh.*

Cuid 5: Treoracha na dTascanna

- Tá **spriocdhátaí na dtascanna** seo sa chlár oibre ag tús an leabhráin seo. Bíonn na tascanna le cur isteach ar an lá a mbíonn an cheardlann agat féin.
- Caithfear gach tasc a **chlóscríobh** agus **teideal, ainm agus uimhir mac léinn** a chur ag barr an leathanaigh.
- Tá **scéimeanna marcála** na dtascanna i gCuid 7 den leabhrán. Ba cheart na treoracha agus an scéim mharcála a léamh go cúramach sula dtosaíonn tú aon tasc.
- Beidh **anailís** le déanamh ar gach tasc, agus beidh na tascanna ceartaithe agus na hanailísí ar fad le coinneáil i bhfillteán (an **fillteán foghlama**) ionas go mbeidh tú in ann breathnú siar orthu níos déanaí sa chúrsa agus féachaint ar an dul chun cinn atá déanta agat.

Tasc 1: Aiste

- Gheobhaidh tú leathanach ar a bhfuil teidil éagsúla a bhaineann le téamaí cheardlanna na chéad bhliana agus scríobhfaidh tú 250 focal ar cheann de na hábhair sin.
- Ceartóidh an teagascóir an píosa. An aidhm atá leis an gceartúchán ná go mbeidh léargas ginearálta agat ar na ceisteanna teanga is mó ar cheart duit díriú orthu i rith na bliana acadúla agus na hearráidí is minice a dhéanann tú.
- Déanfaidh tú anailís (féach Cuid 8), bunaithe ar na ceartúcháin, agus seolfaidh tú an anailís chríochnaithe chuig an teagascóir. Déanfaidh an teagascóir an marc deiridh a bhronnadh ar an tasc ansin.

Tasc 2: An Fhoghraíocht – Sliocht le haithris

- Chun cleachtadh a dhéanamh ar do chuid foghraíochta, beidh ort tú féin a thaifeadadh ag déanamh taisc. Roghnaigh ceann amháin de na sleachta a leanas.
- Agus tú ag dréachtú an taisc, tabhair aird ar na fuaimeanna agus an fhoghraíocht a úsáideann tú. Moltar duit **cleachtadh a dhéanamh** roimh ré ar an méid a bheidh á rá agat sula ndéanfaidh tú an taifeadadh deireanach. Nuair atá tú sásta go bhfuil do dhóthain cleachtaidh déanta agat, déan taifeadadh ort féin ag léamh an tsleachta.

- Seol an píosa taifeadta chuig do theagascóir roimh an dáta atá leagtha amach.
- **Déan cinnte d'ainm, uimhir an rogha a phioc tú agus am do cheardlann a bheith tugtha go soiléir sa ríomhphost.** Tá treoracha maidir le taifeadadh agus seoladh na gcomhad fuaime i gCuid 9 den leabhrán seo.

- Ceartóidh an teagascóir an píosa atá taifeadta agat agus cuirfear moltaí agus ceartúcháin ar fáil duit maidir le foghraíocht agus fuaimeanna. Féach ar na moltaí agus déan comparáid idir iad agus do pháosa taifeadta.
- Is í an **anailís** atá le déanamh ná do pháosa a thaifeadadh arís, leis na moltaí agus na ceartúcháin a fuair tú curtha i bhfeidhm agat. Seol chuig an teagascóir é. Déanfaidh an teagascóir an marc deiridh a bhronnadh ar an tasc ansin.

An Script don Taifead

Máire Treasa Ní Cheallaigh

19ú Deireadh Fómhair 2018 (Tógtha ó www.nos.ie)

Le coicís, tá na meáin shóisialta lán le teachtaireachtaí meabhairshláinte ag maíomh go bhfuil sé ceart go leor nuair nach bhfuil muid ceart go leor. Chonaic muid go leor de seo ag tús na míosa mar gheall ar Lá Domhanda na Meabhairshláinte.

Leis an obair shíceolaíochta spóirt atá déanta agam le blianta beaga, tá sé tugtha faoi deara agam go bhfuil fadhbanna meabhairshláinte ag go leor againn, cuid acu mór, agus cuid acu nach bhfuil chomh mór sin. Tá sé tugtha faoi deara agam chomh maith go ndeireann mórán gach duine go bhfuil sé ceart go leor gan a bheith ceart go leor — chomh fada nach hiad féin atá i gceist.

Táimid tagtha ag an tráth anois go gcaithfidh daoine a bhfuil aon chineál údaráis acu sa saol seo seasamh amach agus a rá, tá sé ceart go leor nach bhfuil tú ceart go leor *agus* seo na rudaí gur féidir a dhéanamh. Go dtí go bhfeicfidh muid nach bhfuil aon drochthoradh ar choicís a ghlacadh saor ón obair nó ón bhfoireann, mar gheall ar chúrsaí meabhairshláinte, díreach mar a dhéanadh muid dá mbeadh cos bhriste againn nó droch-ionfhabhtú cliabhraigh orainn, ní bheidh mórán de thoradh ar na pictiúir áille de bhláthanna agus cairdeas agus grá ar Instagram.

Tasc 3: Cur i láthair a ullmhú

- *Beidh ort topaic a bhfuil suim agat féin ann a fhorbairt agus cur i láthair (ar stíl TED talk) a mhairfidh 3/4 nóiméad ar fhad a dhéanamh. Is maith an rud é cúpla sleamhnán powerpoint a úsáid.*
- Ar dtús, scríobh píosa bunaithe ar do chur i láthair (250 focal) agus tabhair isteach chuig do theagascóir é.
- Gheobhaidh tú an tasc ceartaithe ar ais. **Ní bheidh aon anailís le déanamh ach na ceartúcháin a úsáid chun cabhrú le do chur i láthair.**
- Ar deireadh beidh ort an **cur i láthair 3 / 4 nóiméad** a dhéanamh sa rang.
- Tabharfaidh do theagascóir do mharc iomlán ar ais ar ríomhphost duit (Tá 40% ag dul don aiste agus 60% don chur i láthair féin)

Tasc 4:

- Beidh ort scéal a chumadh bunaithe ar cheann amháin den dá pictiúr thíos.
- Bíodh tús, lár agus deireadh breá soiléir le feiceáil i do chuid oibre
- Ní gá dul thar 250 focal

Pictiúr 1



Pictiúr 2



Tasc 5

Féach ar do rogha ceann de na míreanna físe seo a leanas. Ansin, forbair ceann de na comhráite a d'fhéadfadh eascairt as, ag teacht leis an treoir atá tugtha thíos. Ní gá dul thar **250 focal** leis an gcomhrá.

(1)

An Gearrscannán *Rúbaí* –

https://www.youtube.com/watch?v=_RCraeIDqU



Treoir:

I ndiaidh duit féachaint ar an gcéad 5 nóiméad agus 30 soicind den mhír, forbair ceann de na comhráite a shamhlófá a bheadh ag na carachtair lena chéile. Is féidir leat aon charactair atá feicthe agat sa ghearrscannán a úsáid nó fiú carachtair nua a thabhairt isteach, chomh fada agus go mbíonn an cailín Beag Rúbaí sa pháirt.

NÓ:

(2)



Ros na Rún – 04/05/10. Ar fáil ag:

<https://www.youtube.com/watch?v=WXB91bNmVo8>.

Treoir:

I ndiaidh duit féachaint ar an mír, forbair ceann de na comhráite a shamhlófá a bheadh ag na carachtair seo a leanas:

(a) Micheál agus cara leis (Téann sé síos go dtí an teach ósta ag gearán faoi na hathruithe agus an róta atá déanta ag David).

NÓ:

(b) Mack agus máthair an pháiste (Faighteann sise amach céard a dúirt Mack fúithi agus é amuigh ag spaisteoireacht leis an bpáiste).

Tasc 6

Beidh sibh ag roghnú clár raidió Gaeilge chun léirmheas a scríobh air. Beidh na nascanna seo ar an suíomh Moodle chomh maith. Píoc clár ón liosta atá ar an suíomh seo a leanas:

<https://www.rte.ie/rnag/podcasts/> nó roghnaigh podchraoladh ó

<https://www.rte.ie/gaeilge/beo-ar-eigean/>

- Éist leis an gclár (ar a laghad 20 nóiméad de) agus scríobh léirmheas air. Cabhróidh ceardlann 17 leat chun an tasc seo a chur i gcrích.
- Ní gá dul thar 250 focal.

Cuid 6: Scéimeanna marcála

- Sa chuid seo den leabhrán, gheofar na scéimeanna marcála a úsáidfidh na teagascóirí le marcanna a bhronnadh ar thascanna na mac léinn. Ní mór don teagascóir úsáid a bhaint as na scéimeanna seo le bheith cinnte go mbeidh leanúnachas ag baint leis an measúnú. Moltar do mhic léinn úsáid a bhaint as na scéimeanna seo chomh maith, le treoir bhreise a fháil maidir leis an gcaighdeán a bhfuiltear ag súil leis i ngach tasc.
- **Scileanna éagsúla teanga:** Bronntar marc as 100 ar gach tasc. Bronntar na marcanna seo faoi rannóga éagsúla (m.sh. cruinneas, stór focal, ábhar, foghraíocht, struchtúr, srl) ar brath ar an gcineál tasc atá i gceist. Ba cheart na marcanna a bhronntar ar gach rannóg, chomh maith leis an marc iomlán, a scríobh ar thascanna na mac léinn, ionas go gcuirfear leis an tuiscint atá acu ar a gcuid buanna agus laigí féin. Mar shampla:

Cruinneas	32/60
Stór focal	11/20
Ábhar	13/20
Iomlán	56%

- **Bandaí grád:** Roinntear gach rannóg ina cúig bhanda cumais, ionas go mbeadh na scéimeanna ag teacht leis na cúig bhanda grád atá in úsáid i gcóras na hOllscoile faoi láthair (céad onóracha, 2.1, 2.2, pas agus teip). Moltar do theagascóirí cuimhneamh ar na bandaí seo chun cabhrú leo na marcanna cuí a bhronnadh ar thascanna na mac léinn. Moltar do mhic léinn úsáid a bhaint as an eolas seo chomh maith le tuiscint bhreise a fháil ar na cineálacha botún is cúis le teip nó ar an difear atá idir tasc 2.2, 2.1 nó céad onóracha.
- **Téarmaíocht:** Tá roinnt téarmaí luaite sna scéimeanna marcála a bhféadfaí tuiscintí éagsúla a bhaint astu. Tá sainmhínte tugtha ar na leathanaigh a leanann sa scéimeanna thíos lena chinntiú go mbeifear ar aon tuiscint maidir leis na téarmaí seo.
- **N.B.** Marc sealadach a bheidh sa mharc a bhronnfar ar gach tasc. Ní bheidh an marc seo cinnte go dí go ndéanfar an anailís agus d'fhéadfaí an marc a ardú nó a ísliú ag brath ar fheabhas na hanailíse. Tá tuilleadh eolas maidir leis seo i gCuid 8 den leabhrán seo.

TASC 1: An Scríbhneoireacht – Earráidí sa Scríobh

Cruinneas: 60%

- 42-60 (1): An-mhaith. An chuid is mó de na pointí gramadaí leagtha síos don leibhéal* seo i gceart, cé gur dócha go mbeidh roinnt botún fós ag an mac léinn maidir le pointí casta gramadaí (m.sh. an ginideach iolra – i gcás thasc 1), nó pointí nach bhfuil clúdaithe go fóill (m.sh. an clásal coibhneasta).
- 36-41 (2.1): Maith. Níos mó ná leath de na pointí gramadaí clúdaithe ag an leibhéal seo i gceart. Fianaise ann go bhfuiltear ag dul i ngleic le pointí casta gramadaí agus go bhfuil tuiscint á forbairt ag an mac léinn ina leith.
- 30-35 (2.2): Measartha. Soiléir go maith ó thaobh struchtúir de, ach roinnt mhaith mionbhotún a bhaineann le réimsí gramadaí atá clúdaithe ag an bpointe seo (uimhreacha, réamhfhocail, srl.) Níor cheart go mbeadh aon bhótún tromchúiseach.
- 24-29 (pas): Lag. Struchtúr measartha ach an-chuid mionbhotún. Botún nó dhó a bhaineann leis na pointí teanga is bunúsaí - m.sh. aimsir na mbriathra, an chopail, drochlitriú, srl.
- 0-23 (teip): An-lag. Drochstruchtúr Gaeilge, drochlitriú, go leor botún tromchúiseach a bhaineann leis na réimsí gramadaí is bunúsaí – m.sh. aimsir na mbriathra, an chopail, drochlitriú, srl.

Stór focal agus saibhreas teanga: 20%

- 14-20 (1): Réimse leathan stór focal agus frásaí atá oiriúnach don ábhar, focail agus frásaí in úsáid nach bhfuil ró-choitianta.
- 12-13 (2.1): Stór focal maith don ábhar, gan aon bhearnaí a bheith le sonrú, saibhreas éigin sa Ghaeilge.
- 10-11 (2.2): Stór focal measartha maith, gan a bheith an-saibhir.
- 8-9 (pas): Stór focal réasúnta teoranta agus simplí, roinnt bearnaí le sonrú, cuid mhaith athrá.
- 0-7 (teip): Stór focal thar a bheith teoranta, bearnaí suntasacha le sonrú, an-chuid athrá.

Ábhar: 20%

- 14-20 (1): Plé cuimsitheach, leanúnach déanta ar an ábhar, forbairt déanta ar phointí, leagan amach loighciúil, cruthaitheacht le sonrú. Aidhmeanna an taisc bainte amach le linn an teorainn ama.
- 12-13 (2.1): Plé cuimsitheach, leanúnach déanta ar an ábhar, forbairt déanta ar phointí, leagan amach loighciúil
- 10-11 (2.2): Plé maith déanta ar an ábhar
- 8-9 (pas): Plé measartha déanta ar an ábhar
- 0-7 (teip): Plé an-lag ar an ábhar, pointí nach bhfuil bainteach le hábhar nó nach bhfuil aon chiall leo, gan aon leanúnachas sa phlé.

TASC 2: An Fhoghraíocht – Sliocht a aithris

Marc		Cur síos
85-100% (1 ^{ad} onóracha arda)	Ar fheabhas	Foghraíocht na Gaeilge chomh cruinn is a bheadh ag cainteoir maith dúchais. Canúint faoi leith le sonrú agus fuaimeanna na teanga ar fad cruinn de réir na canúna sin.
70-84% (1 ^{ad} onóracha)	An-mhaith	Foghraíocht chruinn na Gaeilge, fiú ó thaobh na bhfuaimeanna sin nach bhfuil sa Bhéarla, m.sh. consain shéimhithe (go háirithe <i>ch, gh</i> and <i>dh</i> leathan), consain chaola agus leathana (go háirithe <i>d, t</i> agus <i>r</i>) agus na défhoghair. Béim agus rithim nádúrtha na Gaeilge sa chaint.
60-69% (2.1)	Go maith	An chuid is mó de na fuaimeanna luaite thuas i gceart, cé go bhfuil fuaim nó dhó nach bhfuil ag an mac léinn go fóill.
50-59% (2.2)	Go measartha	Roinnt fuaimeanna nach bhfuil sa Bhéarla á bhfuaimniú i gceart, ach beagáinín oibre le déanamh maidir le cinn eile.
40-49% (pas)	Lag	Foghraíocht mheasartha den chuid is mó, sa chaoi is gur féidir an chaint a thuiscint gan mórán stró, ach feabhas mór le déanamh fós ar na fuaimeanna sin thuasluaite nach bhfuil sa Bhéarla.
0-20% (teip)	An-lag	Deacrachtaí móra le fuaimeanna na Gaeilge a chuireann isteach ar bhrí na cainte. Gan aon iarracht a bheith déanta aithris a dhéanamh ar fhuaimneanna an bhunphósa cainte.

TASC 3: Cur i Láthair**Cruinneas: 50%**

- 35-50: An-mhaith. An chuid is mó de na pointí gramadaí leagtha síos don leibhéal seo i gceart, cé gur dócha go mbeidh roinnt botún fós ag an mac léinn maidir le pointí casta gramadaí (m.sh. an clásal coibhneasta)
- 30-34: Maith. Níos mó ná leath de na pointí gramadaí clúdaithe ag an leibhéal seo i gceart. Fianaise ann go bhfuiltear ag dul i ngleic le pointí casta gramadaí agus go bhfuil tuiscint á forbairt ag an mac léinn ina leith.
- 25-29: Measartha. Soiléir go maith ó thaobh struchtúir de, ach roinnt mhaith mionbhotún a bhaineann le réimsí gramadaí atá clúdaithe ag an bpointe seo (uimhreacha, réamhfhocail, inscne an fhocail, an aidiacht, srl.) Níor cheart go mbeadh aon bhótún tromchúiseach a bhaineann le briathra, srl.
- 20-24: Lag. Struchtúr measartha ach an-chuid mionbhotún. Botún nó dhó a bhaineann leis na pointí teanga is bunúsaí - m.sh. aimsir na mbriathra, an chopail, drochlitriú, srl.
- 0-19: An-lag. Drochstruchtúr Gaeilge, drochlitriú, go leor botún tromchúiseach a bhaineann leis na réimsí gramadaí is bunúsaí – m.sh. aimsir na mbriathra, an chopail, drochlitriú.

Stór focal agus saibhreas teanga: 20%

- 14-20: Stór focal cuimsitheach don ábhar, iarracht an-mhaith déanta, focail agus frásaí in úsáid nach bhfuil ró-choitianta.
- 12-13: Stór focal an-mhaith don ábhar, gan aon bhearnaí a bheith le sonrú, iarracht mhaith déanta.
- 10-11: Stór focal measartha maith, iarracht éigin déanta.
- 8-9: Stór focal réasúnta teoranta, gan mórán iarrachta a bheith déanta ó thaobh stór focal de, roinnt athrá.
- 0-7: Stór focal thar a bheith teoranta, bearnaí suntasacha le sonrú, an-chuid athrá, gan aon iarracht déanta ó thaobh foclóra de.

Cur i gCrích: 30%

Ábhar: 20% Ábhar oiriúnach. Go leor cruthaitheachta le sonrú ann.

An-mhaith (1)	Maith (2.1)	Measartha (2.2)	Sásúil (pas)	Lag (Teip)
14-20	12-13	10-11	8-9	0-7

Scileanna urlabhraíochta agus cuir i láthair: 10% Tréithe agus teicníochtaí an deá-chuir i láthair le feiceáil ann. Réim/ stíl oiriúnach teanga in úsáid.

An-mhaith (1)	Maith (2.1)	Measartha (2.2)	Sásúil (pas)	Lag (Teip)
7-10	6	5	4	0-3

TASC 4: Scríbhneoireacht Chruthaitheach – Scéal a fhorbairt bunaithe ar phictiúr

Cruinneas: 50%

- 35-50: An-mhaith. An chuid is mó de na pointí gramadaí leagtha síos don leibhéal seo i gceart, cé gur dócha go mbeidh roinnt botún fós ag an mac léinn maidir le pointí casta gramadaí (m.sh. an clásal coibhneasta)
- 30-34: Maith. Níos mó ná leath de na pointí gramadaí clúdaithe ag an leibhéal seo i gceart. Fianaise ann go bhfuiltear ag dul i ngleic le pointí casta gramadaí agus go bhfuil tuiscint á forbairt ag an mac léinn ina leith.
- 25-29: Measartha. Soiléir go maith ó thaobh struchtúir de, ach roinnt mhaith mionbhotún a bhaineann le réimsí gramadaí atá clúdaithe ag an bpointe seo (uimhreacha, réamhfhocail, inscne an fhocail, an aidiacht, srl.) Níor cheart go mbeadh aon bhótún tromchúiseach a bhaineann le briathra, srl.
- 20-24: Lag. Struchtúr measartha ach an-chuid mionbhotún. Botún nó dhó a bhaineann leis na pointí teanga is bunúsaí - m.sh. aimsir na mbriathra, an chopail, drochlitriú, srl.
- 0-19: An-lag. Drochstruchtúr Gaeilge, drochlitriú, go leor botún tromchúiseach a bhaineann leis na réimsí gramadaí is bunúsaí – m.sh. aimsir na mbriathra, an chopail, drochlitriú.

Stór focal agus saibhreas teanga: 20%

- 14-20: Stór focal cuimsitheach don ábhar, iarracht an-mhaith déanta, focail agus frásaí in úsáid nach bhfuil ró-choitianta.
- 12-13: Stór focal an-mhaith don ábhar, gan aon bhearnaí a bheith le sonrú, iarracht mhaith déanta.
- 10-11: Stór focal measartha maith, iarracht éigin déanta.
- 8-9: Stór focal réasúnta teoranta, gan mórán iarrachta a bheith déanta ó thaobh stór focal de, roinnt athrá.
- 0-7: Stór focal thar a bheith teoranta, bearnaí suntasacha le sonrú, an-chuid athrá, gan aon iarracht déanta ó thaobh foclóra de.

Cur i gCrích: 30%

Ábhar: 20% Ábhar oiriúnach. Go leor cruthaitheachta le sonrú ann.

An-mhaith (1)	Maith (2.1)	Measartha (2.2)	Sásúil (pas)	Lag (Teip)
14-20	12-13	10-11	8-9	0-7

Seánra agus stíl scríbhneoireachta: 10% Seánra soiléir. Tréithe agus teicníochtaí an tseánra sin le feiceáil go leanúnach ann. Réim/ stíl oiriúnach teanga in úsáid.

An-mhaith (1)	Maith (2.1)	Measartha (2.2)	Sásúil (pas)	Lag (Teip)
7-10	6	5	4	0-3

TASC 5: An Scríbhneoireacht – Radharc as sobaldráma a fhorbairt				
Cruinneas: 50%				
35-50 (1)	An-mhaith. An chuid is mó de na pointí gramadaí leagtha síos don leibhéal* seo i gceart, cé gur dócha go mbeidh roinnt botún fós ag an mac léinn maidir le pointí casta gramadaí (m.sh. an ginideach iolra – i gcás thasc 1), nó pointí nach bhfuil clúdaithe go fóill (m.sh. an clásal coibhneasta).			
30-34 (2.1)	Maith. Níos mó ná leath de na pointí gramadaí clúdaithe ag an leibhéal seo i gceart. Fianaise ann go bhfuiltear ag dul i ngleic le pointí casta gramadaí agus go bhfuil tuiscint á forbairt ag an mac léinn ina leith.			
25-29 (2.2)	Measartha. Soiléir go maith ó thaobh struchtúir de, ach roinnt mhaith mionbhotún a bhaineann le réimsí gramadaí atá clúdaithe ag an bpointe seo (uimhreacha, réamhfocail, srl.) Níor cheart go mbeadh aon bhotún tromchúiseach ann.			
20-24 (pas)	Lag. Struchtúr measartha ach an-chuid mionbhotún. Botún nó dhó a bhaineann leis na pointí teanga is bunúsaí - m.sh. aimsir na mbriathra, an chopail, drochlitriú, srl.			
0-19 (teip)	An-lag. Drochstruchtúr Gaeilge, drochlitriú, go leor botún tromchúiseach a bhaineann leis na réimsí gramadaí is bunúsaí – m.sh. aimsir na mbriathra, an chopail, drochlitriú, srl.			
Stór focal agus saibhreas teanga: 20%				
14-20 (1)	Réimse leathan stór focal agus frásaí atá oiriúnach don ábhar, focail agus frásaí in úsáid nach bhfuil róchoitianta.			
12-13 (2.1)	Stór focal maith don ábhar, gan aon bhearnaí a bheith le sonrú, saibhreas éigin sa Ghaeilge.			
10-11 (2.2)	Stór focal measartha maith, gan a bheith an-saibhir.			
8-9 (pas)	Stór focal réasúnta teoranta agus simplí, roinnt bearnaí le sonrú, cuid mhaith athrá.			
0-7 (teip)	Stór focal thar a bheith teoranta, bearnaí suntasacha le sonrú, an-chuid athrá.			
Cur i gCrích: 30%				
Ábhar: 20% Ábhar oiriúnach. Go leor cruthaitheachta le sonrú ann.				
An-mhaith (1)	Maith (2.1)	Measartha (2.2)	Sásúil (pas)	Lag (teip)
14-20	12-13	10-11	8-9	0-7
Seánra agus stíl scríbhneoireachta: 10% Seánra soiléir. Tréithe agus teicníochtaí an tseánra sin le feiceáil go leanúnach ann. Réim/ stíl oiriúnach teanga in úsáid.				
An-mhaith (1)	Maith (2.1)	Measartha (2.2)	Sásúil (pas)	Lag (teip)
7-10	6	5	4	0-3

TASC 6: An Scríbhneoireacht – Léirmheas ar chlár raidió	
Cruinneas: 60%	
42-60 (1)	An-mhaith. An chuid is mó de na pointí gramadaí leagtha síos don leibhéal* seo i gceart, cé gur dócha go mbeidh roinnt botún fós ag an mac léinn maidir le pointí casta gramadaí nó pointí nach bhfuil clúdaithe go fóill (féach Siollabas gramadaí na Dara Bliana).
36-41 (2.1)	Maith. Níos mó ná leath de na pointí gramadaí clúdaithe ag an leibhéal seo i gceart. Fianaise ann go bhfuiltear ag dul i ngleic le pointí casta gramadaí agus go bhfuil tuiscint á forbairt ag an mac léinn ina leith.
30-35 (2.2)	Measartha. Soiléir go maith ó thaobh struchtúir de, ach roinnt mhaith mionbhotún a bhaineann le réimsí gramadaí atá clúdaithe ag an bpointe seo (uimhreacha, réamhfocail, srl.) Níor cheart go mbeadh aon bhotún tromchúiseach ann.
24-29 (pas)	Lag. Struchtúr measartha ach an-chuid mionbhotún. Botún nó dhó a bhaineann leis na pointí teanga is bunúsaí - m.sh. aimsir na mbriathra, an chopail, drochlitriú, srl.
0-23 (teip)	An-lag. Drochstruchtúr Gaeilge, drochlitriú, go leor botún tromchúiseach a bhaineann leis na réimsí gramadaí is bunúsaí – m.sh. aimsir na mbriathra, an chopail, drochlitriú, srl.
Stór focal agus saibhreas teanga: 20%	
14-20 (1)	Réimse leathan stór focal agus frásaí atá oiriúnach don ábhar, focail agus frásaí in úsáid nach bhfuil róchoitianta.
12-13 (2.1)	Stór focal maith don ábhar, gan aon bearnaí a bheith le sonrú, saibhreas éigin sa Ghaeilge.
10-11 (2.2)	Stór focal measartha maith, gan a bheith an-saibhir.
8-9 (pas)	Stór focal réasúnta teoranta agus simplí, roinnt bearnaí le sonrú, cuid mhaith athrá.
0-7 (teip)	Stór focal thar a bheith teoranta, bearnaí suntasacha le sonrú, an-chuid athrá.
Ábhar: 20%	
14-20 (1)	Plé cuimsitheach, leanúnach déanta ar an ábhar, forbairt déanta ar phointí, leagan amach loighciúil, cruthaitheacht le sonrú. Léargas ann go bhfuiltear tar éis machnamh agus/nó taighde a dhéanamh ar an ábhar.
12-13 (2.1)	Plé cuimsitheach, leanúnach déanta ar an ábhar, forbairt déanta ar phointí, leagan amach loighciúil.
10-11 (2.2)	Plé maith déanta ar an ábhar.
8-9 (pas)	Plé measartha déanta ar an ábhar.
0-7 (teip)	Plé an-lag ar an ábhar, pointí nach bhfuil bainteach le hábhar nó nach bhfuil aon chiall leo, gan aon leanúnachas sa phlé.

Cuid 7: An Anailís

Tar éis duit do chuid tascanna ceartaithe a fháil ar ais ón teagascóir, déanfaidh tú anailís orthu. Is í an sprioc atá leis an anailís ná deis a thabhairt don mhac léinn dul i ngleic le roinnt deacrachtaí a tháinig chun cinn sa tasc.

A: Ábhar na hanailíse - Díreoidh tú ar 3 ghné den teanga in anailís ar thasc scríofa

Cuid 1: Litriú:

Sa chuid seo den anailís, ceartóidh tú na botúin litrithe ar fad a bhí agat sa tasc. Seo na botúin a bhfuil ciorcal timpeall orthu nó an litir 'L' scríofa os a gcionn.

Cuid 2: Stór focal agus saibhreas teanga:

Déanfaidh tú liosta de na focail nua a d'fhoghlaim tú agus tú ag déanamh an taisc seo. Ceartóidh tú aon bhotún foclóra a rinne tú sa tasc (i gcomhthéacs abairte iomláine). Seo na focail nó fráasaí ar chuir an teagascóir an litir 'F' os a gcionn.

Cuid 3: An ghramadach:

Scríobhfaidh tú cuntas an-ghearr ar na hearráidí is minice a rinne tú sa tasc. Ceartóidh tú roinnt de na botúin seo, i gcomhthéacs abairte, agus tabharfaidh tú míniú cuimsitheach orthu.

Cé mhéad botún/ cén cineál botún ar cheart díriú orthu?

Má tá roinnt samplaí de bhotún amháin agat, d'fhéadfá díriú ar an bpointe gramadaí sin amháin (mar a dhéantar san anailís eiseamláireach thíos). Mura bhfuil, d'fhéadfá díriú ar 3-5 phointe dhifriúla agus míniú cuimsitheach a thabhairt orthu.

Moltar duit díriú ar na botúin is minice a dhéanann tú, nó ar na botúin a bhaineann leis na pointí bunúsacha gramadaí ar dtús (m.sh. botúin a bhaineann le briathra, an chopail agus an t-ainm briathartha nó úsáid na réamhfocal, na bhforainmneacha, na n-aidiachtaí sealbhacha agus an ailt). Gheobhaidh tú comhairle ón teagascóir maidir leis na pointí, nó maidir le líon na mbotún, ar cheart díriú orthu.

B: Measúnú:

Is cuid an-tábhachtach den obair í an anailís seo, agus ní bheidh an tasc curtha i gcrích go dtí go mbeidh an anailís déanta i gceart.

Gheobhaidh tú marc ar do thasc, ach **marc sealadach** a bheidh ann. **Ní bheidh an marc sin cinnte go dtí go ndéanfar an anailís.**

Má tá an **anailís an-mhaith**, cuirfear **suas le 10% breise** le marc an taisc.

Má tá an **anailís lag**, nó mura ndéantar ar chor ar bith í, **caillfear suas le 10%** de mharc an taisc.

NB: Féach ar an scéim mharcála thíos le soiléiriú a fháil ar céard atá i gceist le hanailís an-mhaith nó le hanailís lag.

Scéim Mharcála na hAnailíse

Sár-mhaith (+10% le marc an taisc)

Cosúil leis an rannóg 'an-mhaith', ach tá sé soiléir go bhfuil an mac léinn tar éis dua iontach a chaitheamh leis an tasc. Tá rudaí breise curtha leis na gnéithe riachtanacha, mar shampla:

- Tá nótaí breise curtha leis na ceartúcháin litrithe le cabhrú leis an mac léinn cuimhne a choinneáil ar an litriú ceart (féach an anailís shamplach thíos).
- Tá roinnt focal agus fráasaí roghnaithe ag an mac léinn ón tasc agus iarracht déanta aige bealaí nua nó bealaí níos deise a aimsiú chun an rud céanna a rá (féach an anailís shamplach).
- Tá alt nó sliocht as leabhar cóipeáilte ag an mac léinn agus samplaí den phointe gramadaí a bhfuil sé ag iarraidh díriú air aimsithe agus mínithe aige.

An-mhaith (+5% le marc an taisc)

- Tá gach cuid den anailís déanta de réir na dtreoracha agus de réir chomhairle an teagascóra.
- Tá na ceartúcháin cruinn agus curtha i gcomhthéacs abairte.
- Tá na míniúcháin ar fad cruinn agus cuimsitheach. Léirítear iad le breis samplaí.
- Tá sé soiléir go bhfuil an mac léinn tar éis dua a chaitheamh leis an anailís a dhéanamh.

Ceartúchán agus míniúchán an-mhaith:

Botún	Ba mhaith liom níos mó eolas a fháil.
Ceartúchán	Ba mhaith liom níos mó eolais a fháil.
Míniú	<ul style="list-style-type: none">❖ Níos mó: Cuirtear ainmfhocail sa tuiséal ginideach tar éis 'níos mó' mar is focal é a chuireann cainníocht ghinearálta in iúl.❖ Eolas: Is ainmfhocal firinsneach é 'eolas'. Caolaítear é sa TG uatha.❖ Baineann an riail chéanna leis na focail seo a leanas: roinnt, a lán, mórán, an iomarca, go leor, cuid mhór, an-chuid, beagán/beagáinín, níos lú, m.sh: airgead > níos mó airgid; taitneamh > mórán taitnimh; neamhspleáchas > níos mó neamhspleáchais; obair > roinnt oibre; suim > an iomarca suime; am > go leor ama; cumhacht > an iomarca cumhachta.

Go maith (gan aon athrú ar mharc an taisc)

- Tá gach cuid den anailís déanta de réir na dtreoracha agus de réir chomhairle an teagascóra.
- Tá na ceartúcháin curtha i gcomhthéacs abairte.
- Tá na ceartúcháin agus míniúcháin cruinn den chuid is mó.

Ceartúchán agus míniúchán maith.

Botún	Ba mhaith liom níos mó eolas a fháil.
Ceartúchán	Ba mhaith liom níos mó eolais a fháil.
Míniú	Cuirtear ainmfhocail sa tuiséal ginideach tar éis 'níos mó'. Is ainmfhocal firinsneach é 'eolas'. Cuirtear 'i' isteach ann sa tuiséal ginideach uatha.

Lag (-5% ó mharc an taisc)

- Níl na codanna ar fad atá luaite sna treoracha déanta.
- Díritear ar na botúin ghramadaí is éasca seachas na deacrachtaí is mó atá ag an mac léinn.
- Níl na ceartúcháin ná na míniúcháin cruinn ná cuimsitheach (luaitear an pointe gramadaí ach ní thugtar aon mhíniú ceart air).
- Níl na ceartúcháin i gcomhthéacs abairte.

Ceartúchán agus míniúchán lag:

Botún	eolas
Ceartúchán	eolais
Míniú	tuiséal ginideach

An-lag/ Níl an anailís déanta (-10% ó mharc an taisc)

Anailís Eiseamláireach

Ainm: Orla Ní Mhurchú

Dáta: 16 Deireadh Fómhair 2016

Tasc: Bliain 1, Tasc 1, Earráidí sa scríobh (“Teideal: An post is mó a mbeadh suim agam ann”)

1. Litriú:

Seo na botúin litrithe a bhí agam sa tasc seo:

Botún X	Ceartúchán ✓	Míniú
tuair a im scrí o bhneoir	tuai i rim scrí b hneoir	Bhí na focail seo litrithe mícheart agam. Rinne mé dearmad ar an riail ‘leathan le leathan, caol le caol’.
Tá siú l agam a fho is scr ois an ios	Tá sú il agam a fh ios scr ios an ois	Bhí mearbhall orm maidir le litriú na bhfocal seo. Ba cheart dom smaoinemh ar an bhfuaimniú le cabhrú liom cuimhneamh ar an litriú, m.sh: Tosaíonn ‘siúl’ (<i>walk</i>) le s caol (s + i/e) = ‘sh’ an Bhéarla. Tosaíonn ‘súil’ (<i>eye</i>) le s leathan (s + a/o/u) = ‘s’ an Bhéarla.
Inn í	Inn iu	Chuir mé síneadh fada ar an ‘u’ nuair nach raibh gá leis.
M u inteoir	m ú inteoir	D’fhág mé an síneadh fada ar an ‘u’ ar lár.
A lán	a lán	Ba cheart ‘a lán’ a scríobh mar dhá fhocal éagsúla, seachas mar fhocal amháin.
bun scoil	bun scoil	Níor cheart spás a fhágáil tar éis ‘bun’. Ba cheart ‘bunscoil’ a scríobh mar fhocal amháin.
an mhaith	an -mhaith	Ba cheart fleiscín a chur tar éis ‘an-’ nuair a chiallaíonn sé ‘very’. ‘An mhaith’ = ‘The good’; ‘An-mhaith’ = very good’

2. **Stór focal:**

(a) Seo na focail nua a d'fhoghlaim mé don tasc seo:

- folúntas = vacancy
- cúrsa beatha = CV
- cáilíochtaí inmhianaithe = desired qualifications
- litir mholta = reference letter
- moltóir = referee (ar chúrsa beatha)
- cáin = tax
- tuarastal = salary

(b) Bhí ceithre bhotún foclóra agam sa tasc seo:

(i) **Abairt cheartaithe:** Is duine **othar foighneach** mé.

Míniú: Bhain mé úsáid as an bhfocal mícheart. Tá dhá chiall leis an bhfocal 'patient' sa Bhéarla: (i) is ainmfhocal é, a chiallaíonn 'duine atá tinn'. Is é 'othar' an Ghaeilge atá air sin; (ii) is aidiacht é chomh maith, a chiallaíonn 'ábalta fanacht nó déileáil le deacrachtaí gan a bheith míshuaimhneach'. Is é 'foighneach' an Ghaeilge atá air sin. Tá an dá chiall sin le feiceáil go soiléir san iontráil ó www.focloir.ie. Nuair a chuardaigh mé an focal san fhoclóir, níor bhreathnaigh mé ar na leideanna faoin réimse úsáide (*MED = medical*), ar na leideanna gramadaí (*noun, adjective*), ná ar na samplaí, agus roghnaigh mé an focal mícheart dá bharr.

(ii) **Abairt cheartaithe:** **Roimh a rinne Sula ndearna** mé an Ardeist

Míniú: Bhain mé úsáid as an bhfocal mícheart. Tá dhá fhocal a chiallaíonn 'before' sa Ghaeilge. Úsáidtear 'sula'/'sular' roimh bhriathar agus úsáidtear 'roimh' roimh ainmfhocal. Seo roinnt samplaí eile: Sula ndeachaigh mé ar scoil; sular tháinig sí abhaile; sula bhfaca mé an scannán, sula dtéann tú a luí; sula ndéanfaidh tú an tasc.

(iii) **Abairt cheartaithe:** Tá mo chuid scríbhneoireachta **ag fáil** níos fearr > **ag éirí** níos fearr/ **ag feabhsú**.

Míniú: Bhain an botún seo le Béarlachas (F²). Ciallaíonn an briathar 'get' a lán rudaí éagsúla sa Bhéarla, agus ní féidir na frásaí seo ar fad a aistriú go díreach, focal ar fhocal go Gaeilge. Sa chás seo, ciallaíonn 'getting better' 'becoming better' nó 'improving'.

(i) **Abairt cheartaithe:** Tá súil agam go **bhféachfaidh bhfeicfidh** mé torthaí na hoibre.

Míniú: Bhain mé úsáid as an bhfocal mícheart. Tá na briathra 'feic' agus 'féach' cosúil lena chéile ó thaobh an litrithe de, ach tá cialla difriúla acu. Ciallaíonn 'feic' 'to see' agus ciallaíonn 'féach + ar' 'to watch/to look at'. Bhí mé ag iarraidh 'I hope I'll see the results of the work' a rá. Mar sin, ba cheart dom an briathar 'feic' a scríobh.

3. An ghramadach:

Mhol an teagascóir dom díriú isteach ar dhá phointe gramadaí san anailís seo:

B⁵: An Briathar - Caint indíreach/ Claoninsint:

Abairt cheartaithe: Is dócha **tá go bhfuil** sé tábhachtach ...

Míniú: Rinne mé botún a bhain leis an gcaint indíreach/clooninsint. Bíonn an caint indíreach i gceist tar éis an fhrása 'Is dócha'. Mar sin, athraíonn 'tá' > 'go bhfuil':

Tá sé tábhachtach (*It is important*).

Is dócha go bhfuil sé tábhachtach (*I suppose that it is important*).

Abairt cheartaithe: Tá a fhios agam féin **gur rinne go ndearna** mé mo sheacht ndícheall.

Míniú: Seo botún eile a rinne mé leis an gcaint indíreach/clooninsint.

Úsáidtear 'gur' leis na briathra rialta san aimsir chaite, ach úsáidtear 'go' leis na briathra neamhrialta seo a leanas: go ndearna, go ndeachaigh, go raibh, go ndúirt, go bhfuair, go bhfaca.

AB²: An t-ainm briathartha mar infinideach:

Abairt cheartaithe: Ba mhaith liom **faigh torthaí maithe torthaí maithe a fháil**.

Míniú: Rinne mé botún a bhain le foirm agus struchtúr infinideach an ainm bhriathartha.

faigh = an modh ordaitheach (*get!*); a fháil = ainm briathartha, infinideach (*to get*)

'I would like **to get** good results' a bhí i gceist agam. Mar sin, ba cheart dom an t-ainm briathartha 'a fháil' a úsáid. Ba cheart an cuspóir 'torthaí maithe' a chur roimh an ainm briathartha.

Abairt cheartaithe: Mhol sé dom ríomhphost **a chuir a chur** chuig an teagascóir.

Míniú: Rinne mé botún a bhain le foirm an ainm bhriathartha mar infinideach.

chuir = aimsir chaite (*put/sent*); a chur = ainm briathartha, infinideach (*to put/send*)

'He advised me **to send** an email' a bhí i gceist agam. Mar sin, ba cheart dom an t-ainm briathartha 'a chur' a úsáid.

Cuid 8: Treoracha maidir le comhad fuaime a thaifeadadh agus a sheoladh chuig an teagascóir

*Nóta: Bhí fadhbanna teicniúla ag roinnt teagascóirí agus mac léinn anuraidh leis an suíomh idirlín *Soundcloud*. Mar sin, **ní bheidh cead** ag mic léinn a gcuid tascanna a chur isteach ar an suíomh sin. Caillfear marcanna an taisc má dhéantar neamhaird de seo.

iPhone nó Fón Cliste (Android, srl).

1. Clíceáil ar 'Applications' agus ansin roghnaigh 'Voice Recorder'.
2. Déan taifead ar do píosa cainte.
3. Athainmnigh an comhad fuaime le d'ainm féin, m. sh. 'Seán Ó Broin - Tasc 6'
4. Clíceáil ar 'Share' ón roghchlár agus roghnaigh 'ríomhphost'
5. Seol chuig do theagascóir: teagascoiri@gmail.com. Cuir d'ainm féin agus uimhir an taisc i líne an ábhair.

Mac.

1. Téigh chuig 'Garageband' i roghchlár na bhfeidhmchlár.
2. Clíceáil ar 'Create New Podcast Episode' agus cuir isteach d'ainm féin mar chomhadainm.
3. Roghnaigh 'Guth fir' nó 'Guth mná'.
4. Clíceáil ar 'Taifead'. Nuair atá an píosa cainte taifeadta agat, clíceáil ar 'Share' agus ansin ar 'Send song to iTunes' (cuirfidh sé seo i bhfoirm mp3 é).
5. Ceangail an comhad fuaime le ríomhphost agus seol chuig do theagascóir é ag: teagascoiri@gmail.com Cuir d'ainm féin agus uimhir an taisc i líne an ábhair.

PC

1. Bí cinnte go bhfuil micreafón agat ar do ríomhaire. Má tá ríomhaire sách nua agat, is dócha go mbeidh ceann comhtháite ar an ríomhaire féin. Mura bhfuil an micreafón comhtháite ar an ríomhaire, is féidir ceann a cheangal leis (mar a dhéanfa chun Skype nó a leithéid de chlár a úsáid).
2. Déan cinnte go bhfuil clár taifeadta fuaime agat ar do ríomhaire. Mura bhfuil, is féidir ceann a íoslódáil go héasca. Tá an clár 'Audacity' le fáil saor in aisce ón suíomh idirlín:
<http://audacity.sourceforge.net/>

Sa Seomra SALL

Mura n-éiríonn leat an taifead a dhéanamh trí na bealaí thuasluaite, beidh roinnt taifeadán mp3 ar fáil sa seomra SALL in Ionad na dTeangacha ó 10 go dtí 5, ón Luan go dtí an Aoine.

Fadhbanna coitianta agus conas iad a shárú:

- Bí cinnte go bhfuil an comhad i bhfoirm mp3, mp4 nó .wma, nó formáid eile atá coitianta.
- Má tá tú ag iarraidh a bheith cinnte go bhfuil an comhad comhoiriúnach do ghnáthríomhaire, seol an ríomhphost leis an gcomhad chugat féin ar dtús agus déan iarracht é a oscailt ar ríomhaire san ollscoil. Má osclaíonn sé ansin agus má tá an fhuaim le cloisteáil i gceart, tá seans maith nach mbeidh aon fhadhb ag an teagascóir leis.
- Má bhíonn an comhad fuaime rómhór lena chur i ríomhphost – déan cuardach Google le comhairle a fháil maidir le conas méid an chomhaid a athrú.

Déan cinnte de na nithe seo thuas sula seolfaidh tú chuig an teagascóir é. Is ort féin atá an fhreagracht a chinntiú gur seoladh gach píosa den tasc i gceart.

Aguisín 1

Siollabas Gramadaí na Céime

An

An Dara Bliain

Seimeastar 1:

- Briathra agus réamhfocail a théann le chéile
- An clásal coibhneasta indéireach
- An Forainm réamhfoclach
- Cleachtadh foghraíochta
- Cleachtaí ar na haidiachtaí
- Na huimhreacha
- Inscne na n-ainmfhocal
- Tuisseal ginideach

Seimeastar 2:

- Dul siar ar rialacha inscne an ainmfhocail agus na haidiachta.
- An aidiacht bhriathra
- Cleachtadh foghraíochta
- Dul siar ar an modh coinníollach
- Dul siar ar an tuiseal ginideach
- treoanna, suíomh agus gluaiseacht
- An chopail san aimsir chaite
- Briathra agus réamhfocail